



Tuarascáil Bhliantúil 2014



Clár Ábhair

ÓN GCATHAOIRLEACH	3
FORBHREATHNÚ AN PHRÍOMHFHEIDH-MEANNAIGH	4
ROGHBHLÚIRE NA BLIANA	6
01 AG SEACHADADH SEIRBHÍSÍ BUS AGUS IARNRÓID	8
Fás Paisinéara ar Sheirbhísí Oibleagáid Seirbhíse Poiblí (PSO)	9
Conarthaí PSO nua le hOibritheoirí Bus faoi úinéireacht Stáit	9
Feidhmíocht Oibritheoirí faoi úinéireacht Stáit faoi chonarthaí PSO	10
Conarthaí PSO le hOibritheoirí Príobháideacha	11
Seirbhísí Iarnróid Éadroma (Luas)	12
Íocaíochtaí d'Oibritheoirí Seirbhísí PSO	13
Dúshlán Aigeadais agus Táillí	14
Athruithe ar Sheirbhísí PSO	15
Ceadúnú Seirbhísí Bus	17
Seirbhísí Iompair Tuaithe	19
02 AG FEABHSÚ AN EISPÉIREAS IOMPAIR	21
Cárta Leap	22
Eolas Paisinéara Fíor-ama	23
Suíomh Pleanála Turais Náisiúnta	24
Suíomh Pleanála Rothair	25
Mapáil Iompar Poiblí Comhtháite	25
Treoirínte Dearaidh Eolas Iompair Poiblí	25
Margaíocht, bainistíocht inneachair agus gníomhaíocht chustaiméara eile	26
Oibríocht Cathrach Oscailte	26
Ceartha Paisinéara	26
Suíomhanna Gréasáin	27
Inrochtaineacht	28
03 AG CUR PLEANANNA STRAITÉISEACHA I BHFEIDHM DON TODHCHAÍ	30
Pleananna agus Polasaithe Úsáid Talún	31
Mórcheantar Bhaile Átha Cliath	31
Lasmuigh den Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath	32
Treoir, Treoirínte agus Staidéir Foilsithe	33
Múnlaí Iompair	33
Staidéar Iompair Bhaile Átha Cliath Thuaidh	34

04 AG TACÚ LE DAOINE ROGHANNA IOMPAIR INBHUANAITHE A DHÉANAMH	36
Clár Áiteanna Oibre Iompar Níos Cliste	37
Clár Champais Iompar Níos Cliste	38
Clár Iompair Scoileanna-Glasa	38
05 AG UASGHRÁDÚ INFRASTRUCHTÚIR	39
Infheistíocht Chaipitiúil	40
Clár Caipitil Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath	41
Clár Infheistíochta Iompair Inbhuanaithe i gCathracha Réigiúnacha	45
Scéimeanna Rothar Poiblí	46
06 FEITHICLÍ BEAGA SEIRBHÍSE POIBLÍ	47
Reachtaíocht	48
Staitisticí	49
Iontrálaithe nua	49
Tástáil Feithiclí	49
Táillí Tacsaithe	50
Gníomhaíocht maidir le Comhlíonadh	50
Tomhaltóirí	51
Ionad Seirbhísí Feithiclí Beaga Seirbhíse Poiblí	52
Ceadúnas d'Fhruilcharranna Ceantar Áitiúil	52
07 CÚRSAÍ CORPARÁIDEACHA GINEARÁLTA	53
Staitisticí Iompair	54
Ráiteas Straitéise	54
Saoráil Faisnéise	54
Comhlíonadh	54
Faisnéis faoin mBord	54
Idirchaidreamh leis an Oireachtas	56
Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide	57
08 RÓL AN ÚDARÁIS NÁISIÚNTA IOMPAIR	59
Reachtaíocht	60
Feidhmeanna reachtúla	60
Feidhmeanna Eile	61
Rialachas	61
CVANNA NA GCOMHALTAÍ BOIRD IN 2014	62

Ón gCathaoirleach

Ar 1 Nollaig a bhí an cúigiú comóradh bliana de bhunú an Údaráis Náisiúnta Iompair agus tháinig deireadh le téarmaí ceapacháin roinnt comhaltaí Boird. Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le Frank King, Jim Deegan, Daithí Alcorn, Damian Usher agus Margaret O'Shaughnessy as a ndeonacháin choinsiasacha agus chuiditheacha don Bhord thar na cúig bliana seo caite.

D'imigh Príomhfheidhmeannach an Bhoird Gerry Murphy chomh maith i ndiaidh dhul ar scor ón Údarás i mí na Nollag. Thar cheann an Bhoird ba mhaith liom trácht a dhéanamh ar a shárthiomantas do shainordú an Údaráis ó bunaíodh é. Léirigh sé daingne agus scil iontach ina cheannasaíocht ar an Údarás tríd an tréimhse bunaithe dúshlánach agus i gcoinne chúlra de sriantachtaí acmhainne i go leor limistéir. Go deimhin measann an Bord nach mbeadh an tÚdarás ábalta an méid sin a bhaint amach thar na cúig bliana atá caite gan a threallús agus tiomantas agus guíonn sé gach rath air ina scor.



D'athcheap an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt Berna Grist agus Linda Saunders don Bhord do théarma eile. Chinntigh sé seo roinnt leanúnachas ag leibhéal Boird, rud atá ag teastáil. Ghlac mé leis an iarratas ón Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt leanúint ar aghaidh mar Chathaoirleach do thréimhse eile go dtí Bealtaine 2017. Ina dhiaidh sin, d'fhreastal mé ar chruinniú an Chomhchoiste Oireachtais ar Thaisteal agus Cumarsáid a tionóladh le m'athcheapúchán a mheas.

I ndiaidh chomórtas poiblí, líon Anne Graham post an Phríomhfheidhmeannaigh, Stiúrthóir Sheirbhísí Iompair Poiblí an Údaráis. Tá an Bord ag tnúth go mór le hobair le hAnne chun cuspóirí an Údaráis a bhaint amach.

Baineadh amach roinnt garspriocanna tábhachtacha le linn na bliana. Is fiú dhá cheann as an méid seo a sholéiriú. Ar dtús, críochnú conarthaí dámhachtain díreacha fabhsaithe, nua idir an tÚdarás agus Bus Bhaile Átha Cliath/Bus Éireann do sholáthar seirbhísí bus fhóidheonaithe. Ina dhiaidh sin, dámhachtain ag an Údarás, i gcónasc le hÁisíneacht Soláthar Iarnróid, de chonradh nua d'oibrúchán Luas. Dámhadh an conradh Luas i ndiaidh chomórtas soláthair a reáchtáladh de réir phrionsabail dea-chleachtais atá aitheanta go hidimáisiúnta.

Tá luach na gconarthaí bus agus iarnróid éadroma thar na cúig bliana atá le teacht thar 1.6 billiúin. Léiríonn an figiúr seo tábhacht an ról a dhéanann an tÚdarás thar cheann an Stáit i mbainistíocht agus forbairt seirbhísí iompair poiblí fhóidheonaithe.

Chríochnaigh an bhliain seo go dearfach le deimhniú d'fhilleadh chuig fás measartha i líonta paisinéara iompair poiblí i ndiaidh roinnt bhliana de líonta titime. Is é an dúshlán do na cúig bliana atá le teacht ná fás leanúnach in iompar poiblí a chinntiú anois nuair atá an geilleagar ag léiriú comharthaí de théarnamh.

John Fitzgerald, Chairperson
June 2015



Forbhreathnú an Phríomhfheidhmeannaigh

Tá gliondar orm an Tuarascáil Bhliantúil 2014 a chur in iúl. Cé nach ndeachaigh mé i gcomharbacht ar Gerry Murphy mar Phríomhfheidhmeannach an Údaráis ach i mí na Nollag seo caite, roimhe sin bhí mé i mo Stiúrthóir ar Sheirbhísí Iompair Poiblí an Údaráis. Mar sin tá cleachtadh agam ar na dúshláin atá roimh an Údarás.

Ag féachaint siar ar an mbliain atá thart tá sé oiriúnach dom tosú amach le seirbhísí iompair poiblí, atá ina réimse tábhachtach don Údarás ó tharla go mbraitheann an méid sin daoine thar an Stát ar na seirbhísí sin dá riachtanais iompair. D'fhaomh an tÚdarás arís go doicheadallach méaduithe táille mar gheall ar an tionchar leanúnach an chúlaith eacnamaíocha ar mhaoiniú agus úsáid sheirbhísí iompair poiblí fóirdheonaithe. Mar sin féin, tá comharthaí ann go bhfuilimid ag teacht i dtreo deireadh an seala sin. Ar an dea-uair, bhíomar in ann tionchar na méadaithe a mhaolú trí fhorbairt leanúnach agus síneadh an chórais Cárta Leap. Soláthraíonn an Cárta Leap modh éifeachtúil, slán agus sábháilte le táillí a bhailiú atá ina rud maith d'oibritheoirí agus custaiméirí. Tairgíonn an cárta íoslacáiste de 20% ar tháillí aosaigh singil anois agus díoladh 870,000 cárta roimh dheireadh na bliana.

Ba chóir go leanfaidh an fás a raibh fáilte roimhe i líonta paisinéara iompair poiblí in 2014 ar aghaidh mar a fheabhsaíonn an geilleagar. Le linn 2014 rinneadh 8 milliúin turas paisinéara breise ar iompar poiblí, méadú de 3.8% thar 2013. Mar sin féin, cé go bhfuil roinnt acmhainn breise ann i seirbhísí bus agus iarnróid faoi láthair, creimfidh sé seo go han tapa mar a leanann an téarnamh ar aghaidh. Lean an tÚdarás air ár gclár cuimsitheach a chur ar aghaidh chun gréasáin bus agus iarnróid a athbhreithniú agus a athchumrú go náisiúnta. D'aineoinn na sriantachtaí airgeadais reatha tá feabhsúcháin seirbhíse suntasacha is féidir a dhéanamh trí phleanáil agus eagraíocht níos fearr ar sheirbhísí bus agus iarnróid.

Le linn na bliana lean an tÚdarás air ullmhú do chóras tairiscintí iomaíocha de líon beag bhusbhealaí fóirdheonaithe a chumasófar dúinn measúnú níos fearr a dhéanamh cé acu an bhfuil an Stát ag fáil luach ar airgead in oibríocht seirbhísí den chineál sin.

D'oibrigh an tÚdarás chomh maith le hearraí iompair poiblí a fheabhsú trí sholáthar feithidí nua agus athchóirithe chomh maith le seirbhísí eolais le custaiméirí a chumasú a thurais a phleanáil agus amanna feithimh a laghdú. Bhí thar 1 milliúin plean turais á ghiniúint in aghaidh na míosa do chustaiméirí den Suíomh Pleanála Turais Náisiúnta.

Leanann an tÚdarás air a chuid oibre a dhéanamh chun seirbhís ceadúnaithe éifeachtúil a sheachadadh d'oibritheoirí bus tráchtála agus le monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh le téarmaí a gceadúnais. Mar sin féin, cé go bhfuil ról tábhachtach ag seirbhísí bus tráchtála i seachadadh seirbhísí iompair poiblí go náisiúnta, níl pleanáil agus eagrú na seirbhísí sin laistigh de shainchúram an Údaráis. I roinnt cásanna d'éiligh cinntí oibritheoirí bus tráchtála seirbhísí a athstruchtúrú nó a aistharraingt idirghabháil ag an Údarás chun seirbhísí bus a chothabháil sna limistéir atá buailte.

Thug an tÚdarás faoi chorp forleathan oibre le linn na bliana ar ullmhú conarthaí nua um sheachadadh seirbhísí iompair poiblí. Bronnadh conradh nua d'oibríocht an tseirbhís Luas do Transdev Dublin Light Rail Limited i ndiaidh phróiseas tairisceana iomaíoch. Chuaigh an tÚdarás isteach i gconarthaí seirbhíse poiblí dámhachtain díreach nua le cuideachtaí bus CIÉ chomh maith. Shocraigh na conarthaí nua spriocanna feidhmíochta níos deacra do na hoibritheoirí. Thógamar céimeanna chun ár gcumas monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht na n-oibritheoirí a fheabhsú i gcoinne na spriocanna comhaontaithe.

Ghluais athstruchtúrú an Chláir Iompair Tuaithe go suntasach níos giorra le linn 2014. Rinneadh dul chun cinn maith ar bhunú na 18 Lárionad Comhordúcháin Iompair nua, suite ar fud an Stáit, a dhéanfaidh bainistíocht ar sheachadadh seirbhísí iompair tuaithe. Tá an tÚdarás ag maoiniú forbairt chórais TF chomh maith chun pleanáil agus seachadadh seirbhísí iompair tuaithe a éascú.

I réimse infrastruchtúir iompair poiblí, lean an tÚdarás ar aghaidh ag infheistiú i Luas Traschathrach chomh maith le réimse scéimeanna chaipitil ar scála níos mine chun modhanna bus, rothair agus coisí i mórilmistéir thar an Stáit. Ba garspíoc é don tionscadal Luas Traschathrach oscailt Droichead Rosie Hackett thar an Life. Lean pleanáil den ghréasán Idirthuais Gasta Bus beartaithe i mBaile Átha Cliath ar aghaidh agus réachtáladh comhairliúchán poiblí eile. Ag deireadh na bliana seoladh na chéad scéimeanna rothair poiblí lasmuigh de Bhaile Átha Cliath i gCorcaigh, Gaillimh agus Luimneach, a bhí ina éacht mór.

I ndiaidh phróiseas comhairliúcháin poiblí, rinne an tÚdarás Rialúcháin nua, a chomhdhlúthaigh reachtaíocht tánaisteach ar fad a bhaineann le ceadúnú feithiclí beaga agus tiománaithe na seirbhíse poiblí i sraith cuimsitheach rialúcháin amháin. Thug an tÚdarás faoi chomhairliúchán poiblí chomh maith mar chuid dá athbhreithniú débhlantán den uastáille tacsáí náisiúnta. I mí na Nollag shocraigh an tÚdarás an t-uastáilletacsáí a mhéadú le meánach de 4% le héifeacht ó 30 Aibreán 2015. Ba é seo an chéad mhéadú táille tacsáí ó 2008. Shocraigh an tÚdarás an struchtúir táille a shimpliú trí líon na mbanda táille a laghdú chomh maith.

Seoladh scéim dheontais do cheannacht fheithiclí atá oiriúnach do chathaoireacha rothaí d'úsáid mar thacsaithe nó hacnaithe i mí lúil. Bhí an scéim ina rath mór agus ag deireadh na bliana d'fhaomh an tÚdarás 128 deontas go forleiththeadach. Bhí rath na scéime dheontais mar gheall ar athruithe ar shonraíocht do thacsáí atá oiriúnach do chathaoir rothaí agus feithiclí hacnaí do chuid shuntasach, a chiallaíonn gur féidir le hoibritheoirí feithiclí níos saoire a cheannach.

Níl sé indéanta sa spás atá ar fáil anseo obair thábhachtach an Údaráis a shonrú i go leor réimsí ar nós pleanáil agus múnú iompair, promóisean iompair phoiblí, inrochtaineacht agus staitisticí. Soláthraíonn an Tuarascáil Bhliantúil seo níos mó sonraí ar ghníomhaíochtaí sna réimsí seo agus réimsí tábhachtacha eile. Corpraíonn tuarascáil na bliana seo arís "righbhlúire na bliana! a dhéanann achoimre ar roinnt bhuaicphointí de 2014.

Táim ag tnúth le hobair le Bord agus foireann an Údaráis chomh maith lenár bpáirtithe leasmhara chun forbairt seirbhísí iompair poiblí, rothaíocht agus siúil a chur chun cinn mar chomhroghanna inmharthana ar úsáid ghluaisteáin thar an Stáit i dtacaíocht le polasaí Iompair Níos Cliste an Rialtais.



**Anne Graham, Príomhfheidhmeannach
Meitheamh 2015**

Roghbhlúire na Bliana

Blas de na forbairtí

Eanair

- › Buann an Cárta Leap duais ag comhdháil ticeadú iompair idirnáisiúnta



Feabhra

- › Tugadh cuireadh don phobal a dtuairimí a thabhairt ar thairiscintí do ghréasán Iompair Bus Gasta i mBaile Átha Cliath



Bealtaine

- › Osclaíodh droichead iompair poiblí tiomnaithe nua thar an Life
- › Eisíodh an 500,000ú Cárta Leap
- › Fógraíodh athfhorbairt mhór de Stáisiún Colbert i Luimneach



Meitheamh

- › Thosaigh obair ar fhóntais athshuímh fad slí an line Luas Traschathrach nua
- › Seoladh an Cárta Leap Cuairteora
- › Chuaigh an chéad seirbhís iompair tuaithe leis an Údarás Náisiúnta Iompair (Ciarraí) beo



Meán Fómhair

- › Síníodh Conradh Luas nua
- › Shroic an cárta Leap Gaillimh
- › Cur chun tosaigh mór de shiúl, rothaíocht agus iompar poiblí ag coláistí tríú leibhéal



Deireadh Fómhair

- › Cinntí táille iompair poiblí foilsithe
- › Tugadh cuireadh d'ainmniúcháin don scéim dámhachtain tionscnaimh d'úsáideoirí iompar poiblí





2014

Márta

- › Rolladh amach de sheirbhís tástála agus iniúchta náisiúnta feabhsaithe d'fheithiclí beaga seirbhíse poiblí
- › Foilsiú d'fheasacháin staitisticiúil d'earnála fheithicil bheag seirbhíse poiblí agus bus



Aibreán

- › Sroiceann an Cárta Leap Corcaigh
- › Seoladh de mhórfhleananna straitéiseacha chun iompar poiblí agus rothaíocht a fhorbairt i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath
- › Feachtais Fhrith-chiníochais rollta amach ar sheirbhísí iompair poiblí i mBaile Átha Cliath



Iúil

- › Bhuaigh Whartons Travel conradh do bhusbhealach PSO Cabhán-Longfort
- › Seoladh scéim dheontais do thacsaithe atá oiriúnach do chathaoireacha rothai



Lúnasa

- › Athstruchtúrú mór de tháillí linbh ar iompar poiblí
- › Aoisteorainneacha do tháillí Cárta Leap linbh méadaithe
- › Tugtar iompar saor in aisce do leanaí faoi 4 ar iompar poiblí



Samhain

- › Seoladh an scéim rothair poiblí i nGaillimh
- › Tús curtha le comhairliúchán poiblí ar ghluaiseacht chuig flit atá oiriúnach do chathaoireacha rothai san earnáil bhus ceadúnaithe
- › Seoladh lacáiste táillí Leap 90 do Bhus Bhaile Átha Cliath



Nollaig

- › Seoladh scéimeanna rothair poiblí i gCorcaigh agus Luimneach
- › Conarthaí bus nua sínithe le Bus Bhaile Átha Cliath agus Bus Éireann
- › Toradh d'athbhreithniú uastáille tacsai náisiúnta fógraithe



01

Ag seachadadh seirbhísí bus agus iarnróid

*Don chéad uair ó 2009, mhéadaigh turais
phaisinéara iomlán thar sheirbhísí PSO ar
fad thar an bhliain roimhe sin.*



Fás Paisinéara ar Sheirbhísí Oibleagáid Seirbhíse Poiblí (PSO)

Is seirbhísí bus agus iarnróid iad seirbhísí PSO soláthartha ag oibritheoirí faoi chonarthaí leis an Údarás. De ghnáth éilíonn seirbhísí PSO fóirdheontas le hoibriú.

Don chéad uair ó 2009, mhéadaigh turais phaisinéara iomlán thar seirbhísí PSO ar fad le linn na bliana roimhe sin. Léiríonn tábla 1 an t-athrú i dturais paisinéara thar an tréimhse 2010 go 2014. Le linn 2014 rinneadh 8 milliúin turas paisinéara breise ar iompar poiblí, méadú de 3.8% thar 2013.

Tábla 1 – Turais phaisinéara bliantúla ar sheirbhísí PSO (milliúin)

Bliain	Bus Bhaile Átha Cliath (céatadán athraithe thar an bhliain roimhe sin)	Bus Éireann (céatadán athraithe thar an bhliain roimhe sin)	Iarnród Éireann (céatadán athraithe thar an bhliain roimhe sin)	Luas Iarnróid Éadroma (céatadán athraithe thar an bhliain roimhe sin)	Iomlán (céatadán athraithe thar an bhliain roimhe sin)
2010	117.05	29.13	38.23	27.53	211.94
2011	115.05 (-1.7)	28.48 (-2.2)	37.38 (-2.2)	29.10 (+5.7)	210.01 (-0.9)
2012	113.28 (-1.5)	28.63 (+0.5)	36.74 (-1.7)	29.32 (+0.8)	207.97 (-1.0)
2013 ¹	112.48 (-0.7)	28.64 (+0.0)	36.74 (0.0)	30.51 (+4.1)	208.37 (+0.2)
2014	116.26 (+3.4)	29.69(+3.7)	37.80 (+2.9)	32.61 (+6.9)	216.36 (+3.8)

Conarthaí PSO nua le hOibritheoirí Bus faoi úinéireacht Stáit

Chuaigh an tÚdarás isteach i gconarthaí dámhachtain díreacha nua le Bus Bhaile Átha Cliath agus Bus Éireann do sholáthar seirbhísí PSO ar 1 Nollaig 2014. Neartaíonn na conarthaí nua na riachtanais chonarthaigh i réimse achair ag cuimsiú:

- sonraíochtaí seirbhíse do gach busbhealach,
- monatóireacht d'fheidhmíocht chonarthaigh ag an Údarás,
- riachtanais do leibhéil seirbhíse le soláthar agus do phoncúlacht na seirbhísí sin,
- fócaíochtaí phónóis ag oibritheoirí as teip caighdeáin fheidhmíochta sonraithe áirithe a chomhlíonadh,
- tuairisciú oibritheora, ag cuimsiú soláthar táirgeachtaí costais agus ioncaim, líonta paisinéara, feithiclí i seirbhís agus aiseolas custaiméara maidir leis na seirbhísí seo,
- riachtanas d'oibritheoirí Pleananna Gnó Bliantúla a thaisceadh d'fhaomhadh an Údaráis.

Léiríonn na conarthaí dámhachtain díreach nua cinneadh an Údaráis i Samhain 2013 10% de na seirbhísí do thairiscint iomaíoch a bhaint.

¹ In 2014 athraíodh an mhodheolaíocht le turais phaisinéara a ríomh ar sheirbhísí Bus Éireann. Cé go raibh na figiúirí 2013 athraíte leis an modheolaíocht nua a chur san áireamh, ní dhearnadh é de na blianta níos luaithe.

Feidhmíocht Oibritheoirí faoi úinéireacht Stáit faoi chonarthaí PSO

Chloígh feidhmíocht seirbhíse ag Iarnród Éireann, Bus Bhaile Átha Cliath agus Bus Éireann le spriocanna feidhmíochta leagtha amach laistigh de na conarthaí PSO go ginearálta. Mar sin féin, níor soláthraíodh seirbhísí iarnróid ar feadh trí lá i Lúnasa mar gheall ar ghníomhaíocht thionsclaíoch as a tháinig asbhaint chuí ón focaíocht dlíte d'Iarnród Éireann de réir théarmaí chonradh na Cuideachta leis an Údarás.

Léiríonn tábla 2 an t-athrú i gciliméadair oibrithe thar an treimhse 2010 go 2014 ag léiriú laghdaithe i leibhéil seirbhíse mar gheall ar éileamh laghdaithe ar sheirbhísí. Leagann táblaí 3 go 5 amach na meántorthaí de leibhéil fheidhmíocht seirbhíse in 2014.

Tábla 2 – Ciliméadair feithicle oibrithe bliantúla (milliúin)

Bliain	Bus Bhaile Átha Cliath (céatadán athraithe thar an bhliain roimhe sin)	Bus Éireann (céatadán athraithe thar an bhliain roimhe sin)	Iarnród Éireann (céatadán athraithe thar an bhliain roimhe sin)
2010	56.50	38.08	15.95
2011	53.90 (-4.6)	37.34 (-1.9)	15.96 (+0.1)
2012	52.10 (-3.3)	37.34 (0.0)	15.96 (0.0)
2013	50.30 (-3.5)	33.34 (-10.7) ²	15.97 (+0.1)
2014	48.71 (-3.2)	32.94 (-1.2)	15.97 (0.0)

Tábla 3 – Feidhmíocht Iarnród Éireann i leith spriocanna (2014)

Catagóir	Tomhas	Sprioc (céatadán)	Toradh (céatadán)
Iontaofacht	Céatadán de sheirbhísí sceidealaithe oibrithe	99	99.9
Poncúlacht	Céatadán de thraenacha ag oibriú laistigh de spriocanna poncúlachta:-		
	➤ Seirbhísí InterCity (a shroiceann laistigh de 10 nóiméad)	90	97.2
	➤ Seirbhísí comaitéara agus buaicsheirbhísí DART (a shroiceann laistigh de 10 nóiméad)	92	98.5
	➤ Comaiteir agus DART uaireanta seachbhuaice (a shroiceann laistigh de 5 nóiméad)	87	96.78

² Athraíodh an modh chun ciliméadair feithicle oibrithe bliantúla Bus Éireann a ríomh ó 2013 ar aghaidh; mar sin níl comparáid díreach ó 2012 agus 2013 indéanta.

Tábla 4 – Feidhmíocht Bhus Bhaile Átha Cliath i leith spriocanna (2014)

Catagóir	Tomhas	Sprioc (céatadán)	Toradh (céatadán)
Iontaofacht	Céatadán d'fheithiclí i seirbhís	98	98.4
Iontaofacht	Céatadán de dhualgaisí tiománaí oibrithe	98	98.9
Poncúlacht	Céatadán de sheirbhísí ag fágáil an tearmann laistigh de 5 nóiméad den am imeachta tráthchláraithe	95	96

Tábla 5– Feidhmíocht Bhus Éireann i leith spriocanna (2014)

Catagóir	Tomhas	Sprioc (céatadán)	Toradh (céatadán)
Iontaofacht	Céatadán d'fheithiclí i seirbhís	98	99.8
Iontaofacht	Céatadán de dhualgaisí tiománaí oibrithe	98	99.8
Poncúlacht	Céatadán de sheirbhísí ag fágáil an tearmainn laistigh den teorainn sprice d'am imeachta tráthchláraithe:-		
	› Seirbhísí Carráiste Stáitse (10 nóiméad)	95	96.5
	› Seirbhísí Chathair Corcaigh (5 nóiméad)	90	96
	› Seirbhísí Chathrach Luimnigh/Gaillimhe/Port Láirge (5 nóiméad)	87	94.4
	› Seirbhísí Chomaitéara Bhaile Átha Cliath (10 nóiméad)	95	96.8

Conarthaí PSO le hOibritheoirí Príobháideacha

I bhFeabhra, d'aistharraing Whartons Travel Limited a sheirbhís tráchtála bus idir An Cabhán agus Longfort. I ndiaidh an ábhair a athbhreithniú chinn an tÚdarás go raibh gá sóisialta leanúnach ann do sheirbhís bus idir na bailte seo agus d'iarr sé ar thairiscintí ó oibritheoirí do sholáthar na seirbhíse ar bhonn fóirdheonaithe. Mar thoradh bronnadh conradh PSO ar Whartons Travel Limited agus d'aththosaigh seirbhísí i mí Lúnasa. Tá an tseirbhís fhóirdheonaithe (Bealach 975) urláir-íseal agus oiriúnach do chathaoireacha rothaí.

I mí na Samhna, shocraigh an tÚdarás dáta éaga a chonartha a shíneadh le M&A Coaches Limited maidir le Bealach 828x, a oibríonn idir Portlaoise agus Caiseal, go dtí 30 Samhain 2015. Tharla an cinneadh sin i ndiaidh athbhreithnithe den Bhealach a d'aithin riachtanas do níos mó áiteanna stoptha agus nascacht níos fearr.

Ordaíonn conarthaí an Údaráis le M&A Coaches Limited agus Whartons Travel Limited leibhéil fheidhmíochta a gcaithfidh na hoibritheoirí a bhaint amach chun íocaíochtaí fóirdheonaithe a fháil. Leagann tábla 6 amach na leibhéil fheidhmíochta a baineadh amach.

Tábla 6 – M&A Coaches Limited agus Whartons Travel Limited - Feidhmíocht i leith spriocanna in 2014

Oibritheoir (Bealach)	Tréimhse	Catagóir	Tomhas	Sprioc (céatadán)	Toradh (céatadán)
M&A Coaches Limited (828/828x)	Eanair – Nollaig	Iontaofacht	Céatadán de sheirbhísí sceidealaithe oibrithe thar an bhealaigh iomlán	98	100
		Iontaofacht	Céatadán d'fheithiclí ag fágáil an tearmann laistigh den teorainn sprice d'am imeachta tráthchláraithe	95	100
Whartons Travel Limited (975)	Meán Fómhair – Nollaig amháin	Iontaofacht	Céatadán de sheirbhísí sceidealaithe oibrithe thar an bhealaigh iomlán	98	100
		Poncúlacht	Céatadán d'fheithiclí ag fágáil an tearmann laistigh den teorainn sprice d'am imeachta tráthchláraithe	95	100

Seirbhísí Iarnróid Éadroma (Luas)

D'oibrigh Luas an tríú bhliain iomlán dá ghréasán sínithe in 2014.

Mhéadaigh líonta paisinéara le 6.9% in 2014 go 32.6 milliún. Rith tramanna Luais 3.66 milliún ciliméadar feithicle i gcomparáid le 2.1 milliún in 2005, an chéad bhliain iomlán d'oibríochtaí Luais. Thairfead oibríochtaí Luas barrachas de Ä1.94 milliún do 2014 i gcomparáid le heasnamh de Ä2.21 milliún do 2013.

Go luath in 2014 thug an tÚdarás agus an Ghnómhaireacht um Fháil Iarnróid, mar chomhpháirtithe conraitheoireachta, cuireadh d'fhorthairgeoirí gearrliostaithe tairiscintí a thaisceadh don chonradh seirbhísí Luas a oibriú. I ndiadh measúnú d'aighneachtaí faighte, bronnadh conradh ar Transdev Dublin Light Rail Limited Luas a oibriú ar feadh cúig bliana eile suas go Meán Fómhair 2019.



Tábla 7 – Luas statistics

Bliain	Líonta Paisinéara i milliúin (athrú céatadán ar an mbliain roimhe)	Ciliméadair Feithicle i milliúin (athrú céatadán ar an mbliain roimhe)	Táirgeacht Oibríochtúil i milliúin (€)
2010	27.5	2.9	1.13
2011	29.1 (+5.8)	3.69 (+27.2)	(3.30)
2012	29.3 (+0.7)	3.84 (+4.1)	(3.44)
2013	30.5 (+4.1)	3.54 (-7.8)	(2.21)
2014	32.6 (+6.9)	3.67 (+3.7)	1.94

Tábla 8 - Feidhmíocht Luas (2014)

Catagóir	Tomhas	Sprioc Feidhmíochta	Toradh
Iontaofacht	Céatadán de sheirbhísí tráthchláraithe seachadta	100%	99.21%
Poncúlacht	Nóiméid caillte mar gheall ar mhoilleanna	0 nóiméad	1,598 nóiméad

Íocaíochtaí d'Oibritheoirí Seirbhísí PSO

Íocann an tÚdarás fóirdheontais d'Iarnród Éireann, Bus Bhaile Átha Cliath, Bus Éireann, Whartons Travel Limited agus M&A Coaches Limited do sheirbhísí iompair phoiblí oibrithe acu de réir chonarthaí PSO. Cumasaíonn na fóirdheontais seo do sheachadadh seirbhísí iompair phoiblí atá riachtanach go sóisialta ach nach bhfuil inmharthana go tráchtála.

Tá conarthaí an Údaráis leis na hoibritheoirí faoi úinéireacht Stáit ina gconarthaí glanchostais faoina bhailíonn agus a choinníonn na hoibritheoirí táillí paisinéara mar ioncam. Tá conarthaí an Údaráis le M&A Coaches Limited agus Whartons Travel Limited ina chonarthaí ollchostais ar a luíonn an riosca táille leis an Údarás. Mar sin is é an fóirdheontas íoctha do na hoibritheoirí sin an difríocht idir an costas tairgthe chun an tseirbhís a sholáthar agus ioncam táille.

Tá sonraí d'íocaíochtaí fhóirdheontais déanta in 2014 leagtha amach i Tábla 9.

Tábla 9 – Íocaíochtaí fhóirdheontais

Oibritheoir	2013 Íocaíochtaí Fhóirdheontais (€)	2014 Íocaíochtaí Fhóirdheontais (€)	2014 Méadú / (Laghdú) (€)
Bus Bhaile Átha Cliath	64.54 ³	60.03	(4.51)
Iarnród Éireann	127.03	117.36 ⁴	(9.67)
Bus Éireann	34.36 ⁴	34.38	0.02
M&A Coaches	0.03 ⁵	0.15 ⁵	0.12
Whartons Travel	-	0.03 ⁵	-
Iomlán	225.96	211.95	(14.01)

³ Cuimsíonn sé laghdú do laethanta neamh-oibríochtúla (3) mar gheall ar ghníomhaíocht stailc

⁴ Cuimsíonn sé laghdú do laethanta neamh-oibríochtúla (2) mar gheall ar ghníomhaíocht stailc

⁵ Glanluach d'ioncam táille faighte

Dúshlán Aigeadais agus Táillí

Le linn 2014 chabhraigh an t-ioncam breise ginte ag fás i líonta paisinéara chomh maith le méaduithe táille leis an bhearna a shárú a cruthaíodh ag an laghdú leanúnach in íocaíochtaí fhóirdheontais.

I nDeireadh Fómhair agus i mí na Samhna d'fhógair an tÚdarás toradh a athbhreithniú mionsonraithe ar iarratais do mhéaduithe táille faighte ó Bhus Bhaile Átha Cliath, Bus Éireann agus Iarnród Éireann agus an Ghníomhaireacht um Fháil Iarnróid. D'fhaomh an tÚdarás réimse méaduithe táille d'fhorfheidhmiú ar dhátaí éagsúla ag tosú i mí na Samhna. Tá sonraí de na méaduithe faofa leagtha amach i Tábla 10.

Níor mhéadaigh caidhpeanna Chárta Leap laethúla agus seachtainiúla agus d'fhan siad ag an leibhéal céanna mar in 2013 nuair a tugadh isteach iad don chéad uair. Bhí táillí turais singil Cárta Leap socraithe a bheith ar a laghad 20% níos saoire ná an choibhéis airgid. Mar thoradh air sin bhí an chuid is mó de tháillí Cárta Leap singil níos saoire ná an táille airgid a bhí i bhfeidhm in 2012.

Tábla 10 – Athruithe Faofa i dTáillí (2014)

Oibritheoir	Cineál Táille	Athrú
Bus Bhaile Átha Cliath	Ticéid mhíosúla agus bhliantúla, ticéid il-oibritheoir san áireamh	-4.6% to +9.6%
	Bus Bhaile Átha Cliath/Luas Forlíontán	0.0% to +10.0%
	Táillí airgid	-39.1% to +18.0%
	Táillí Cárta Leap	-45.0% to +14.0%
	Ticéid réamhíoctha	+6.7% to +7.5%
Bus Éireann	Ticéid mhíosúla agus bhliantúla, ticéid il-oibritheoir san áireamh	-1.3% to +9.5%
	Táillí airgid	-6.7% to +9.1%
	Táillí Cárta Leap	-7.9% to +3.8%
	Ticéid réamhíoctha	-6.7% to +5.6%
Iarnród Éireann	Ticéid mhíosúla agus bhliantúla, ticéid il-oibritheoir san áireamh	-4.6% to +9.6%
	Ticéid airgid aosaigh Zóin Short Hop (Baile Átha Cliath)	0.0% to +16.7%
	Táillí Chárta Leap	0.0% to +13.3%
	Ticéid réamhíoctha Zóin Short Hop (Baile Átha Cliath)	0.0% to +28.4%
	Táillí Idirchathracha	+1.1% to +9.5%

An Ghnómhhaireacht um Fháil Iarnród (Luas)	Ticéid mhíosúla agus bhliantúla, ticéid il-oibritheoir san áireamh	-4.6% to +6.9%
	Táillí airgid	0.0% to +11.1%
	Táillí Chárta Leap	-4.8% to 0.0%
	Táillí réamhíoctha	+2.4% to +6.9%

Athruithe ar Sheirbhísí PSO

Déantar athbhreithniú ar sheirbhísí bus agus iarnróid soláthartha faoi chonarthaí PSO go rialta le freagairt ar athruithe in éileamh agus ní mór athruithe ar fad a bheith faofa ag an Údarás roimh a bhfheidhmithe

In 2014 rinne an tÚdarás trácht ar 110 tairiscint ar athruithe ar sheirbhísí bus agus iarnróid. As na hathruithe beartaithe, d'faomhadh 101 agus iarchuireadh 9 do bhreithniú níos mó in 2015.

Tábla 11 – Athruithe ar sheirbhísí fhóirdheonaithe (2014)

Oibritheoir	Bus Bhaile Átha Cliath	Bus Éireann	Iarnród Éireann
Faofa	42	55	4
Faofa go páirteach	0	0	0
Neamh-fhaofa	0	0	0
Iarchurtha	9	0	0

Déantar cur síos ar na príomhathruithe in 2014 thar na hoibritheoirí sna hailt seo a leanas.

Bus Bhaile Átha Cliath

- Oibríodh sceidil samhraidh ag tabhairt soláthair i líne le héileamh laghdaithe ar iompar ar chonairí áirithe le linn Meithimh, Iúil agus Lúnasa.
- Síníodh Bealach 44 chun Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath a fhreastal.
- Tugadh isteach roinnt athruithe seirbhíse agus rodúcháin le foirgníocht Luas Traschathrach a éascú.

Bus Éireann (Cathracha réigiúnacha)

Lean mórathrú structúrtha ar aghaidh i gCorcaigh mar gheall ar an gcur chuige céimnithe ar fheidhmiú agus méid choibhneasta an cheirtleán uirbeach. Tugadh isteach na mórathruithe seo a leanas sa ghréasán uirbeach

- Tugadh isteach Bealach 221 i bhFeabhra idir Gleann Maghair agus lár chathair Chorcaí, ag ofráil seirbhís i stíl uirbeach don chéad uair do bhrúachbhaile mór (daonra c. 10,000) suite fad gairid ón chathair. Tugadh isteach athchóirithe bainteacha ar Bhealach 245 go comhuaineach ag feabhsú an tseirbhís idir Mainistir Fhear Maí agus Corcaigh.
- Tugadh isteach Bealach 220 i mí Lúnasa, ag ofráil seirbhísí dhíreach idir Baile an Chollaigh agus Carraig Uí Leighin trí iar-Bhealaí 222 agus 232 a chumasc. Cuireadh athchóirithe bainteacha ar Bhealaí 216 agus 233 i bhfeidhm ina dhiaidh sin.

- Soláthraíodh seirbhísí Bhealach 207A athchóirithe don Ghleann le tionchar an aisghabhála níos luaithe de Bhealach 212 a mhaolú.

Léiríonn Tábla 12 an tionchar a bhí ag na hathruithe gréasáin a tugadh isteach sa cathracha reigiúnacha ar phátrúnacht agus ioncam.

Tábla 12 – Tionchar atheagrú seirbhísí Bus Éireann i gcathracha réigiúnacha

Bliain	Corcaigh		Gaillimh		Luimneach		Port Láirge	
	2013	2014	2013	2014	2013	2014	2013	2014
Passengers (m)	10.25	10.86 (+6.0%)	3.82	4.09 (+7.1%)	2.76	2.84 (+2.9%)	0.83	0.85 (+2.4%)
Farebox revenue ⁶ (€m)	13.47	15.35 (+14.0%)	4.33	4.84 (+11.8%)	2.81	3.06 (+8.9%)	0.66	0.68 (3.0%)

Bus Éireann (Limistéir eile)

Tá fonn ar an Údarás na limistéir eile den Stát a aithint ina bhfuil na prionsabail a chuireann bonn eolas faoi athchumraíocht rathúil de ghréasáin cathrach is féidir a mhacasamhlú. Le linn 2014 aithníodh roinnt bhaile agus rinneadh taifead den dul chun cinn seo a leanas:-

- Dearadh agus cuireadh i bhfeidhm ghréasán bhaile i Sligeach (daonra c. 20,000), ag nascadh an bhaile lena chúlchríoch fo-uirbeach láithreach chomh maith leis an Ros agus an Leathros.



- Cumascadh agus neartaíodh Bealaí 416 agus 424 i gCo. Gaillimhe.
- Tugadh isteach Bealach 350 idir Inis, Lios Dúin Bhearna agus suíomhanna eile in iarthar An Chláir agus i nGaillimh i ndiaidh chumaisc de Bhealaí 423, 337 agus 50.

⁶ Eisiatar íocaíochtaí an Roinn Coimirce Sóisialaí faoin Scéim Saorthaisteal

- Athchumraíodh Bealach 343 le Bealach 344 agus seirbhís nua Luimneach- Baile Shionanne & Aerfort - Inis a chorprú. Feabhsaíonn an tseirbhís seo go mór rochtain ar Aerfort Sionainne trí nascacht níos fearr le seirbhísí idirchathrach bus agus iarnróid ag Luimneach. Soláthraíonn sé nasc áitiúil idir Droichead an Chláir agus Lár Bhaile Inise.
- Bhí comhairliúcháin phoiblí ar fhorbairt seirbhísí athchóirithe i Maigh Eo.

Iarnród Éireann

D'fhaomh an tÚdarás roinnt athraithe beaga ar sheirbhísí iarnróid. Chuimsigh siad seo roinnt oiriúintí do na hamanna reatha ar sheirbhís Bhaile Átha Cliath go Trá Lí, amchlár athbhreithnithe le hathchóiriú stoc rolltha a éascú ar an seirbhís Fiontraíocht Bhaile Átha Cliath - Béal Feirste agus tabhairt isteach traen breise idir Port Láirge agus Baile Átha Cliath ar Dé hAoine agus Dé Sathairn.

Ceadúnú Seirbhísí Bus

Is busbhealaí poiblí iad seirbhísí bus ceadúnaithe a oibrítear ar bhonn tráchtála gan aon fóirdheontas poiblí. Tá siad mar chuid tábhachtach d'iompar poiblí sa Stát, ag giniúint 20 milliún turais phaisinéara nó beagnach faoi 9% de thurais phaisinéara ar fad déanta le hiompar poiblí in 2013.

Déantar cur síos ar na príomhfhorbairtí le linn 2014 sna haltanna a leanas.

Gníomhaíocht Cheadúnaithe

Cé go bhfuair an tÚdarás níos lú iarratais mar gheall ar an timthriall trí bliana d'athnuachan ceadúnais, mhéadaigh líon na n-iarratas do sheirbhísí nua agus leasaithe le 20%. Is dócha go bhfuil an méadú suntasach seo mar thoradh ar ghníomhaíocht níos mó ag an Údarás le comhlíonadh ag oibritheoirí a chinntiú leis na riachtanais reachtúla cuí.

Phróiseáil an tÚdarás 76% d'iarratais do cheadúnais nua agus 64% d'iarratais do leasuithe ar cheadúnais atá ann cheana laistigh den amscála tascach d'iarratais a phróiseáil leagtha amach i dTreoirínte an Údaráis do Cheadúnú Seirbhísí Paisinéara Bus Phoiblí.

Gníomhaíocht Chomhlíonta

Mhéadaigh an tÚdarás a haicsin chomhlíonta agus fhorfheidhmithe chun ionracas agus Inchreidteacht an chórais ceadúnaithe a chothabháil. Chuimsigh na haicsin a tógadh:

- ceapadh agus forbairt scileanna de cheithre oifigigh údaráithe aicsin monatóireachta agus forfheidhmithe a dhéanamh san earnáil bhus ceadúnaithe;
- oibríochtaí le comhlíonadh a sheiceáil le ceadúnais, go minic i gcónasc leis An nGarda Síochána agus foireann chomhlíonta feithicil bheag seirbhíse poiblí an Údaráis.

Le linn na ngníomhaíochtaí seo aithníodh sárúithe ar an gcóras ceadúnaithe bus agus tugadh deis do na hoibrítheoirí a bhí i gceist a seasamh a rialtú. Mar thoradh fuarthas 28 iarratas nua agus 45 leasúchán ceadúnaithe agus cúlghairmeadh 11 ceadúnas breise mar ní raibh na seirbhísí ceadúnaithe bus á bhfeidhmiú. Cuireadh tús le himeachtaí i gcoinne oibrítheora amháin.

Cé go bhfuil córas feidhmithe éifeachtach rí-thabhachtach d'fhorbairt na hearnála bus ceadúnaithe aithníonn an tÚdarás an tábhacht a bhaineann le teagasc agus feasacht a ardú i meas oibritheoirí bus ar na riachtanais ceadúnaithe. Ag deireadh na bliana bhí an tÚdarás ag cur bailchríoch ar threoir eolais nua do dháileadh d'oibritheoirí bus go náisiúnta.

Tábla 13 – Gníomhaíocht ceadúnaithe bus (2014)

Catagóir	Faighte	Ofráilte	Eisithe	Cealaithe	Diúltaithe
Ceadúnas nua seirbhís bus poiblí a oibriú laistigh den Stát	120	88	75	19	17
Leasú ar cheadúnas atá ann cheana	158	93	112	10	4
Aistriú de cheadúnas atá ann cheana	2	0	2	0	0
Athnuachan de cheadúnas atá ann cheana	12	0	12	0	0

Seirbhísí bus idirnáisiúnta

Is é an tÚdarás an t-údarás inniúil in Éirinn d'fheidhmeanna Rialúcháin AE 1073/2009 ar chomhrialacha do rochtain ar an margadh idirnáisiúnta do sheirbhísí bus agus cóiste. Baineann sé seo le ceadúnú seirbhísí bus idirnáisiúnta oibrithe ag oibritheoirí bus Éireannacha agus ag cinntiú comhlíonadh ag oibritheoirí bus idirnáisiúnta ag soláthar seirbhísí bus go agus ó Éire.



Tábla 14 – Gníomhaíocht cheadúnaithe bus idirnáisiúnta (2014)

Cineál	Faighte	Ofráilte	Eisithe	Cealaithe	Diúltaithe
Iarratas	21	0	21	0	0
Leasúchán	9	4	8	0	0

Cuideachta Iarnróid Londain-Doire Loch Súilí

Ba shaincheist suntasach é leachtú Chuideachta Iarnróid Londain-Doire Súilí, a bhí ina phríomhsholáthróir de sheirbhísí bus ceadúnaithe i nDún na nGall.

I ndiaidh leachtú na Cuideachta in Aibreán, dheonaigh an tÚdarás ceadúnais sealadacha d’oibritheoirí tráchtála eile do sholáthar seirbhísí bhreise idir Leitir Ceanainn agus Doire chun riachtanais láithreach paisinéirí a chomhlíonadh. Rinneadh na ceadúnais sealadacha buan ina dhiaidh sin.

D’údarraigh an tÚdarás Translink/Ulsterbus a sheirbhís Doire-Culmore a shíneadh go Magh i gContae Dún na nGall. Rinneadh na socrúithe i gcónasc leis an Roinn Comhshaoil (Tuaisceart Éireann).

Próiseas athraithe chuig iarratas ar líne

Lean obair ar aghaidh ar fhorbairt agus tástáil tairseach ceadúnaithe bus ar líne leis an bpróiseas iarratais páipéar-bhunaithe reatha a ionadú. Sruthlíneoidh an tsaoráid nua an próiseas iarratais d’oibritheoirí bus ceadúnaithe chomh maith le creat tuarascála láidir agus follasach a sholáthar don Údarás.

Seirbhísí Iompair Tuaithe

Tharla athrú suntasach le linn na bliana sa struchtúr seachadta do sheirbhísí iompair tuaithe. Críochnaíodh measúnú mionsonraithe d’iarratais i measc ghrúpaí iompair tuaithe atá ann cheana chun 18 Lárionad Comhordúcháin Iompair nua (TCUanna) go luath sa bhliain. Ag deireadh na bliana bhí comhaontuithe sínithe ag 16 cuideachtaí iompair tuaithe a foirmíodh chun dul i ngleic leis an ról na TCUanna a bhainistiú.

I roinnt chontaetha bhí an t-athrú íosta ach i roinnt eile bhí gá ann cuideachtaí nua le boird a fhoirmiú, b’éigean leibhéil fhoirne a laghdú agus bhí gá le cóiríocht oifige a athrú agus seirbhísí do chustaiméirí fós a gcothabháil. Rinne gach duine iarracht suntasach go háirithe boird deonacha chun an próiseas athstruchtúrtha a chríochnú. Le linn an suaite níor laghdaíodh na seirbhísí atá ann cheana do chustaiméirí i limistéir tuaithe mar gheall ar thiomántas na foirne agus boird na cuideachtaí iompair tuaithe.

Is é ceann amháin de na heochairchuspóirí i seachadadh na seirbhísí iompair tuaithe a athstruchtúrú ná nascanna níos dlúithe a fhorbairt le húdarais áitiúla i ngach limistéar TCU. Mar sin d’iarr an tÚdarás cóiríocht do na TCUanna in oifigí údarais áitiúla chun tús a chur leis na nascanna sin a thógáil. Ag deireadh 2014, bhí 11 TCU i gcóiríocht laistigh d’oifigí údarais áitiúla.

Bhí conarthaí ar fad leis na cuideachtaí iompair tuaithe nuaite trí chomhaontú don Údarás. Cuireadh tús le hathbhreithniú ar éifeachtacht na seirbhísí seo in ullmhúchán dá aththairiscint.

Lean an tÚdarás ar aghaidh le hobair a bhí treoirithe ag Sligo Leader Partnership Limited i gcóras bainistíochta comhtháthaithe a bhunú do sheirbhísí iompair tuaithe le bheith oibrithe ag na TCUanna nua. Tugadh isteach feidhmiúlacht mhéadaithe agus chosaint sonraí láidir don chóras a cheadaíonn bainistíocht áirithe do sheirbhísí iompair tuaithe agus a tháirgíonn tuarascálacha ar úsáid seirbhíse. Forbraíodh aip fóin chliste le haistriú liostaí paisinéara do thiománaithe a éascú, a fheabhsaíonn éifeachtúlacht agus príobháideacht seachadadh seirbhíse.

Mhéadaigh líonta paisinéara ar sheirbhísí iompair tuaithe le 1.1% agus mhéadaigh ioncam le 11.4% in 2014. Ba shuntasach an toradh é seo i bhfianaise na n-athruithe a tharla i struchtúir seachadta do sheirbhísí le linn na bliana.

D'fhorbair an tÚdarás branda nua do TCUanna - locallink. Mar shampla tugtar locallink Loch Garman ar TCU Loch Garman anois. Cruthaíodh suíomh gréasáin nua www.locallink.ie le heolas ar oifigí locallink ar fud na tíre.

Tábla 15 – Clár Iompair Tuaithe: Turais agus ioncam paisinéara bliantúla

Bliain	Paisinéirí (milliúin)	Céatadán athraithe ar an mbliain roimhe sin	Ioncam (€ milliún)	Céatadán athraithe ar an mbliain roimhe sin
2010	1.42	-	-	-
2011	1.74	+22.5	3.07	-
2012	1.73	-0.6	4.00	+30.3
2013	1.74	+0.6	4.66	+16.5
2014	1.76	+1.1	5.19	+11.4

02

Ag feabhsú an eispéireas iompair

Ag deireadh na bliana rinneadh an chuid is mó de thurais iompair poiblí i mórcheantar Bhaile Átha Cliath ag úsáid Cátaí Leap.

Cárta Leap

D'fhás an Cárta Leap go suntasach le linn 2014. Díoladh beagnach 0.5 milliún cárta agus ag deireadh na bliana rinneadh an chuid is mó de thurais iompair poiblí i mhórchéantar Bhaile Átha Cliath ag úsáid Cártaí Leap. Bhí an ráta coinneála go hiontach le thar 75% de chartaí eisithe ag fanacht gníomhach tar éis sé mhí.

Cuireadh roinnt táirgí agus gnéithe nua leis ag cuimsiú

- Autoload, a chumasaíonn do shealbhóirí cárta a gcuid cártaí a athlódáil go huathoibríoch nuair a shínigh siad suas go húdarás Dochar Díreach.
- Leap 90, a fheidhmíonn lacáiste don dara turas agus turais ina dhiaidh sin nuair a thosaíonn siad laistigh de 90 nóiméad ó thosú an turais roimhe sin.
- Cárta Leap Cuairteora, a thugann 3 lá iompar do chuairteoirí ar Bhaile Átha Cliath do €19.50 agus cuimsíonn sé seirbhísí Bhus Bhaile Átha Cliath ag cuimsiú Airlink, seirbhísí iarnróid sa Zón Short Hop agus línte Luas Dearg agus Glas. Díoladh an táirge seo ag asraonta in Aerfort Bhaile Átha Cliath.
- Cárta Leap Oiliúna, atá dírithe don chuid is mó ar mhic léinn teangan agus soláthraíonn sé suas go 4 seachtain d'iompar lascainithe ar sheirbhísí bus, iarnróid agus Luas.

Bhí forbairt agus seoladh na gCártaí Leap Cuairteora agus Oiliúna maoinithe go páirteach tríd an tionscadal AE ERDF dárbh ainm SITE⁷.

Thug an tÚdarás isteach roinnt bhearta le leanaí a spreagadh úsáid a bhaint as iompar poiblí ag cuimsiú táillí laghdaithe do leanaí atá ag úsáid Chártaí Leap Linbh. Méadaíodh an aois incháilithe do tháillí Leap Linbh ó 15 go 18. Réachtáil an tÚdarás promóisean an- rathúil Kids Go Free i mí Lúnasa nuair a cuireadh Cártaí Leap Linbh ar fáil saor in aisce. Mhéadaigh roghnú agus úsáid Chártaí Leap Linbh faoi thrí mar thoradh díreach de na feachtais seo.

Críochnaíodh go rathúil an obair theicniúil a bhí riachtanach chun an Cárta Seirbhíse Poiblí a chomhtháthú do dhaoine atá i dteideal iompar saor in aisce ar iompar poiblí leis an scéim Cárta Leap.

Cuireadh tús le rolladh amach an scéim Chárta Leap thar an mhórchéantar Bhaile Átha Cliath le linn 2014. Tugadh isteach an Cárta Leap i dtosach i gCorcaigh agus i nGaillimh ar sheirbhísí Bus Éireann agus bhí an chéad úsáid ar sheirbhísí iarnróid Éireann lasmuigh de mhórchéantar Bhaile Átha Cliath i gCorcaigh i mí na Nollag.

Chuaigh níos mó oibríteoirí bus tráchtála le Cárta Leap In 2014 ag cuimsiú Collins Couches, M&A Coaches, City Direct agus Express Bus.

Tábla 16 – Staitisticí Cárta Leap

Mír	Iomlán 2014	Iomlán ó sheoladh i mí na Nollag 2011
Cártaí díolta	469,000	867,000
Turais ag úsáid Chártaí Leap	39 million	73 million
Ioncam Íoc-mar-a-úsáidtear	€74 million	€137 million
Ioncam táirge Leap ⁸	€63 million	€ 77 million

⁷ Ticeadú Comhtháite Cliste in Éoraip

⁸ Tugadh isteach táirgí Leap don chéad uair i gC4 2013

Eolas Paisinéara Fíor-ama

Tá soláthar eolas cruinn faoi amanna sroichte agus imeachta tábhachtach do sheachadadh seirbhísí iompair poiblí d'ard chaighdeáin. Seachadaítear eolas do chustaiméirí ar shlite éagsúla ag cuimsiú taispeántais ag áiteanna stoptha agus teirminéil iompair, aipeanna fóin chliste agus téacsteachtaireachtaí.

Le linn 2014 chríochnaigh an tÚdarás rolladh amach an chéim reatha de thaispeántais eolais phaisinéara fíor-ama ag stadanna bus i mBaile Átha Cliath, Corcaigh, Gaillimh, Luimneach agus Port Láirge. Ag deireadh na bliana, bhí 596 taispeántas oibríochtúil. Anuas air sin bhí 24 taispeántais scáileáin chomhréidh ag corprú eolais fíor-ama do stadanna bus cóngaracha agus mapanna eolas iompair bainteacha ar fáil i limistéir phoiblí ar nós stáisiúin traenacha, ospidéal agus ollscoileanna.

Tá méadú ar líon phaisinéirí a bhíonn ag baint tairbhe as eolas paisinéara fíor-ama, go háirithe trí aipeanna fóin chliste. Ag deireadh na bliana uaslódáilíodh na haipeanna 95,000 uair. Chuaigh an líon iomlán de chuardaithe ar an aip eolas paisinéara fíor ama⁹ thar 12 milliún.

Le linn na bliana bhí an tÚdarás agus na hoibritheoirí iompair dírithe go láidir ar chobhsaíocht aipe a chinntiú agus caighdeán na sonraí léirithe ar thaispeántais sráide a fheabhsú.

Lean an tÚdarás air feabhsúcháin ar na córais a bhuntacaíonn an córas eolas paisinéara fíor ama chomh maith le haipeanna do thomhaltóirí. Seoladh aip Windows nua do chustaiméirí agus cuireadh tús le clár athdhearaidh chun aipeanna iOS agus Android a dhéanamh níos soláimhsithe.

Leanann an tÚdarás air suirbhéireacht a dhéanamh ar chruinneas eolais fíor-ama trí shuirbhéanna agus aiseolas ó chustaiméirí. Tugadh faoi shuirbhéanna ráithiúla neamhspleácha ag monatóireacht thar 1,000 bus oibrithe ag Bus Bhaile Átha Cliath agus léirigh siad meánráta cruinnis sroichte de 92%.

Chomh maith le sin rinne an tÚdarás suirbhéanna ar sheirbhísí Bus Éireann i mórcheantar Bhaile Átha Cliath chomh maith le Corcaigh, Gaillimh, Luimneach agus Port Láirge. Léirigh torthaí suirbhé meánrátaí cruinnis imeachta d'idir 75% agus 80%. Aithníodh roinnt teipeanna córais agus tugadh faoi bhearta le caighdeán eolais a fheabhsú.



Tábla17 – Taispeántais eolais paisinéara fíor-ama in oibríocht ag stadanna bus (31 Nollaig 2014)


Area	Líon de thaispeántais in oibríocht ar 31 Nollaig 2014
Cathair Bhaile Átha Cliath	318
Dún Laoghaire-Ráth an Dúin	51
Fine Gall	46
Baile Átha Cliath Theas	45
An Mhí	13
Cill Dara	13
Cill Mhantáin	11
<i>Mórcheantar Bhaile Átha Cliath fo-iomlán</i>	<i>497</i>
Corcaigh	46
Gaillimh	19
Luimneach	16
Port Láirge	7
<i>Cathracha Réigiúnacha fo-iomlán</i>	<i>88</i>
<i>Eile (mar shampla UCD, Dublin Aerfort Bhaile Átha Cliath)</i>	<i>11</i>
Iomlán	596

Suíomh Pleanála Turais Náisiúnta

Feabhsaíodh seirbhísí eolas paisinéara soláthartha ag an Suíomh Pleanála Turais Náisiúnta níos mó. Chuimsigh seirbhísí nua a cuireadh i bhfeidhm:

- Táillí il-mhódúil, il-oibritheora do chustaiméirí airgid agus Cárta Leap;
- Eolas imeachta fíor-ama do sheirbhísí Luas agus Iarnród Éireann;
- Seirbhís mhapála bealaí idirghníomhach;
- Aip fóin chliste Windows;
- Aip Windows 8.1 PC.

Soláthraítear an Suíomh Pleanála Turais Náisiúnta trí aipeanna fóin chliste agus seirbhís ghréasáin. In 2014, uasghrádaíodh an dá sheirbhís le buntáiste a bhaint as teicneolaíocht chórais oibriúcháin nua agus athdhearaíodh iad le comhéadain úsáideora nua-aoiseacha a ghlac le coinbhinsiúin caighdeáin éiritheacha chun rochtain a dhéanamh ar roghchláir.



D'fhás úsáid an Suíomh Pleanála Turais Náisiúnta go láidir in 2014. Ríomh an Suíomh Pleanála 1.1 milliún turas go neasach gach mí agus sholáthair sé 4.5 milliún iarratas d'eolas ag cuimsiú táillí, boird imeachta, mapáil agus cláranna ama.

Suíomh Pleanála Rothair

Síníodh an aip Pleanála Rothair agus seirbhís ghréasáin go Gaillimh, Corcaigh, Port Láirge agus Luimneach. Cuireadh infhaighteacht fruiú rothair i bhfíor ama leis do Bhaile Átha Cliath in 2014.


Táirgíonn an Suíomh Pleanála Rothair eolas faoi thurais nuair is féidir rothar a thógáil ar iompar poiblí mar chuid de thuras il-mhódúil.

Mapáil Iompar Poiblí Comhtháite

D'fhorbair an tÚdarás eolas iompair poiblí comhtháite do champais ollscoile agus móreachtraí poiblí ar nós An Nollag i mBaile Átha Cliath.

Treoirínte Dearaidh Eolas Iompair Poiblí

Chríochnaigh an tÚdarás ullmhú treoirínte ag leagaint amach conas ba chóir eolas iompair poiblí a chur i láthair ag stadanna iompair phoiblí agus stáisiúin ar fud na hÉireann. Forbraíodh na treoirínte i gcomhairle leis na hoibritheoirí iompair níos mó, agus bhí siad faoi réir tástáil úsáideora forleathan roimh chríochnú. Bainfear úsáid as na treoirínte le cinntiú go bhfuil cur chuige comhsheasmhach agus soiléir ar sholáthar eolas iompair custaiméara thar mhodhanna iompair poiblí ar fad.





Margaíocht, bainistíocht inneachair agus gníomhaíocht chustaiméara eile

Le linn na bliana thug an tÚdarás faoi roinnt feachtais eolais agus proimóiseanúil le feasacht a ardú ar, agus gníomhaíocht le, seirbhísí iompair poiblí. Chuimsigh siad seo:

- Proimóisean leanúnach den Cárta Leap, agus go háirithe a rolladh amach go Corcaigh agus Gaillimh le linn na bliana;
- Seoladh Cárta Leap Cuairteora ag ofráil 72 uair de thaisteal neamhtheoranta ar Bhus Bhaile Átha Cliath, seirbhísí chomaitéara/DART agus Luas do €19.50;
- Feachtas ar líne i bpáirtnéireacht leis an Irish Independent ag seoladh na Duaiseanna Transport for Ireland;
- Feachtais meáin le tacú le seoladh na scéimeanna rothair poiblí i nGaillimh agus Luimneach;
- Proimóisean d'úsáid iompar poiblí i lár chathair Bhaile Átha Cliath tríd an bhfeachtas eolais ar líne It's a Different City by Public Transport;
- Proimóisean d'fheasacht agus úsáid iompar poiblí thar champais agus áiteanna oibre, ag cuimsiú forbairt d'eolas saincheaptha i bhfoirm mapanna soláimhsithe do champais roghnaithe.

Thacaigh an tÚdarás le fás leanúnach bealaí meáin shóisialta, ag cuimsiú:

- Leathanach Facebook Transport for Ireland tiomnaithe;
- Fothaí Twitter do nuashonruithe Cárta Leap agus Transport for Ireland.

Oibríocht Cathrach Oscailte

Is oibríocht réamh-Nollaig é Oibríocht Cathrach Oscailte deartha chun é a dhéanamh níos éasca do dhaoine dul timpeall Baile Átha Cliath le hiompar poiblí sa tréimhse Nollag gnóthach. cuireadh pleananna mionsonraithe i bhfeidhm i ndiaidh teagmháil idir An Garda Síochána agus an tÚdarás agus comhairliúchán le páirtithe leasmhara tábhachtacha ag cuimsiú údarais áitiúla, soláthróirí iompair agus an pobal gnó. Rith an oibríocht ó 8 go 24 Nollaig agus cuireadh sonraí ar fáil don phobal ar an suíomh gréasáin Transport for Ireland.

Ceartha Paisinéara


Is é an tÚdarás an comhlacht feidhmithe in Éirinn do Rialúcháin AE maidir le ceartha paisinéara nuair a táthar ag taisteal le hiarnród, farraige agus bus/cóiste. Cuimsíonn na ceartha sin neamh-idirdhealúchán agus cúnamh do dhaoine faoi mhíchumas agus daoine beagluaineachta, soláthar eolas do phaisinéirí ar fad roimh agus le linn a dturas, cúnamh do phaisinéirí ar fad i

gcás moilleanna agus, i gcúinsí áirithe, cúiteamh do mhoilleanna agus cealú turais.

Fuair an tÚdarás roinnt fiosrúcháin ó phaisinéirí maidir lena gcearta agus cláraíodh 2 gearán d'iniúchadh.

Suíomhanna Gréasáin

Tugann suíomhanna gréasáin tomhaltóir-fásála le chéile eolas ó na foinsí cuí ar fad chun tacú le héinne atá ag pleanáil turas a dhéanamh le hiompar poiblí, rothar nó de shiúl na gcos.



Thiomáin feachtais margaíochta agus fógraíochta líonta cuairteora níos airde do na suíomhanna gréasáin Cárta Leap agus Transport for Ireland. D'fhás an suíomh gréasán Luas Traschathrach, a sholáthraíonn nuashonruithe agus eolas faoi thógáil an líne iarnróid éadroma nua, chomh maith.

Le linn 2014 thug an tÚdarás isteach dhá suíomh gréasáin custaiméara nua. Tugadh isteach suíomh gréasáin tiomnaithe don Cárta Leap Linbh i ndiaidh an cinneadh bandaf-aoise difriúla a ionadú do tháillí linbh oibrithe ag cuideachtaí iompair difriúla le táille Cárta Leap Linbh singil. Chuimsigh tabhairt isteach an branda nua local link do sheirbhísí iompair tuaithe seoladh suíomh gréasán tiomnaithe ag ofráil eolas agus sonraí teagmhála do na hIonaid Comhordúcháin Iompair atá freagrach as bainistíocht agus seoladh seirbhísí iompair poiblí.

Tábla 18 – Suíomhanna gréasáin tomhaltóirí-fásála (2014)

Suíomh Gréasáin	Feidhm	Cuairtean-na 2013	Cuairtean-na 2014	Athrú (%)
leapcard.ie	Suíomh gréasáin tiomnaithe do chustaiméirí ticéadú comhtháite	739,046	1,666,507	+ 125
transportforireland.ie ¹⁰	Soláthar réimse eolais agus teicneolaíochtaí chun cabhrú le custaiméirí turais a phleanáil agus a dhéanamh le hiompar poiblí, ag cuimsiú le tacsáí nó hacnaí agus le rothar	424,262	700,282	+ 65
nationaltransport.ie	Suíomh gréasáin corparáideach don Údarás	259,957	298,476	+ 15
smartertravelworkplaces.ie	Soláthar eolais faoi iompar inbhuanaithe agus tionscnaimh iompair d'fhostóirí agus fostaithe	55,648	68,646	+ 23
luascrosscity.ie ¹¹	Eolas agus nuashonruithe ar thógáil Luas Traschathrach	38,570	81,262	+ 111

¹⁰ Tá leaganacha móibíle agus táibléid ar fáil chomh maith.

¹¹ Suíomh gréasáin seolta i mBealtaine 2013

¹² Suíomh gréasáin seolta in Iúil 2014

Suíomh Gréasáin	Feidhm	Cuairtean-na 2013	Cuairtean-na 2014	Athrú (%)
carsharing.ie	Proimóisean agus éascú roinnt carranna agus clubanna roinnte carranna ag tiománaithe	9,602	13,337	+ 39
childleapcard.ie	Suíomh Gréasáin do Chárta Leap Linbh	-	88,562	-
locallink.ie ¹²	Suíomh gréasáin tiomnaithe do sheirbhísí iompair tuaithe	-	4,803	-

Inrochtaineacht

Feabhsaíonn feabhsú d'inrochtaineacht an chórais iompair an deis do daoine faoi mhíchumas páirt iomlán a ghlacadh sa sochaí agus tá sé tábhachtach do luach intreach soláthar iompar inrochtana agus mar chumasóir rochtana ar sheirbhísí eile. Tá míchumas fad-téarmach d'fhoirm éigin ag suas go 20% den daonra. Tá daoine faoi mhíchumas níos dealraitheach braith ar iompaar poiblí ar bhonn rialta. Is pointe tosaithe é feabhsú inrochtaineacht an chórais iompair poiblí d'úsáideoirí cathaoireacha rothaí ar féidir inrochtaineacht do dhaoine ar fad faoi mhíchumas a fheabhsú.

Cé go ndearnadh dul chun cinn maith le blianta beaga anuas in inrochtaineacht modhanna iompair poiblí atá maoinithe go poiblí a fheabhsú, bhí dul chun cinn sna hearnála bus, tacsáí/hacnaí tráchtála níos moille. Is mar gheall ar chúiseanna éagsúla é seo ar nós neamhláithreachta aon dualgaí reachtúil ar oibritheoirí bus tráchtála úsáid a bhaint as feithiclí inrochtana agus an costas feithiclí oiriúnacha a fháil.

Le blianta beaga anuas ní féidir le hiontrálaithe nua do na hearnála tacsáí agus hacnaí ceadúnais a fháil ach amháin d'feithiclí oiriúnach. In iarracht an cúinse a fheabhsú shocraigh an tÚdarás úsáid feithiclí atá oiriúnach do chathaoireacha rothaí níos lú agus mar sin níos saoire a cheadú a bheith úsáidte mar thacsaithe agus hacnaithe. Mar aon leis sin sheol an tÚdarás scéim dheontais le cúnamh a thabhairt le feithiclí atá oiriúnach do chathaoireacha rothaí a cheannach d'úsáid mar thacsaithe agus hacnaithe. Ag deireadh na bliana, nuair a chríochnaigh an scéim dheontais, faomhadh 128 deontas. As an méid sin bhí 92 astu do thacsaithe agus hacnaithe nua atá oiriúnach do chathaoireacha rothaí. Léirigh sé seo céim dearfach chun tosaigh i soláthar feithiclí atá oiriúnach do chathaoireacha rothaí don earnáil tacsáí agus hacnaí.


I mí na Samhna sheol an tÚdarás próiseas comhairliúcháin poiblí maidir leis an t-aistriú chuig busanna agus cóisteanna atá oiriúnach do chathaoireacha rothaí i measc oibritheoirí bus tráchtála atá ceadúnaithe seirbhísí bus poiblí sceidealaithe a sholáthar sa Stát. Forbraíodh páipéar comhairliúcháin le hionchur ón Údarás Náisiúnta Míchumais agus dáileadh é do pháirtithe leasmhara trí mheáin éagsúla na meáin sóisialta san áireamh.

Soláthraíodh Ä78 milliún go neasach i leith fáil busanna agus cóisteanna nua le bheith oibrithe ag Bus Bhaile Átha Cliath agus Bus Éireann ar sheirbhísí bus fhóirdheonaithe. Tá na feithiclí ar fad seachadta faoi na horduithe seo in 2014 ina fheithiclí atá oiriúnach do chathaoireacha rothaí le spás do chathaoireacha rothaí agus soláthar rochtana ar gach bus nó cóiste.

In 2014 lean rolladh amach d'fhógraí fuaime an chéad stad eile ar an bhflít Bhus Bhaile Átha Cliath, a sholáthraíonn eolas stoptha do phaisinéirí ar fad ar na feithiclí ag cuimsiú paisinéirí lagamhairc. Tá na feithiclí nua trealmhaithe le taispeántais amhairc inmheánacha ag soláthar sonraí faoin chéad stad eile agus eolas cuí eile.

Ar an ngréasán iarnróid, críochnaíodh oibreacha le rochtain cathaoir rothaí a sholáthar ar ardáin ag Stáisiún na Rátha i gCorcaigh. Mar aon leis sin, cuireadh tús le hobair pleanála agus dearaidh ar sholáthar nasc ardaitheora go hardáin 6 agus 7 ag Stáisiún Uí Chonghaile i mBaile Átha Cliath.

03



Ag cur pleananna straitéiseacha i bhfeidhm don todhchaí

Le linn na bliana bhí béim láidir ar an gcomhtháthú idir úsáid talún agus pleanáil iompair ó leibhéal áitiúla suas go réigiúnacha.

Pleananna agus Polasaithe Úsáid Talún

Le linn na bliana bhí béim láidir ar an gcomhtháthú idir úsáid talún agus pleanáil iompair ó leibhéil áitiúla suas go réigiúnacha. Comhsheasmhach le sainordú reachtúil an Údaráis maidir le pleanáil agus iompar, bhí fócas láidir áirithe ar na cúig lárionad uirbeach is mó sa Stát .i. Mórcheantar Bhaile Átha Cliath, Corcaigh, Luimneach, Gaillimh agus Port Láirge. Bhí ardleibhéal gníomhaíochta le húdaráis áitiúla agus gníomhaireachtaí eile sna lárionaid sin i bhforbairt nó athbhreithniú de phleananna forbartha contae, pleananna limistéara áitiúla agus scéimeanna phleanála Zóin Forbartha Speisialta.

Chuir an tÚdarás aighneachtaí le foirmlíú polasaithe maidir le Maolú Athrú Aeráide (Forbairt Léarscail Bóithre ar Bheagán Carbóin d'Iompar, Páipéar Saincheisteanna) agus Lárionaid Seirbhíse ar an nGréasán Bóithre Náisiúnta (Athbhreithniú Polasaithe).

Mórcheantar Bhaile Átha Cliath

I mí Eanáir, d'fhaomh an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt Plean Feidhmithe Comhtháithe an Údaráis 2013-2018. Mar sin, sholáthair an Plean sin agus Straitéis Iompair Mórcheantar Bhaile Átha Cliath dréachta 2011 go 2030 bunús do rannpháirteacht an Údaráis le húdaráis áitiúla agus gníomhaireachtaí eile i gcomhtháthú úsáid talún agus pleanáil iompair agus infheistíocht i mórcheantar Bhaile Átha Cliath a éascú. Bhí sé seo comhlánaithe le doiciméid teoracha agus staidéir táirgthe ag an Údarás i gcónasc le heagraíochtaí eile.

Mar a tharla i mblianta roimhe, d'oibrigh an tÚdarás go dlúth le húdaráis áitiúla, cuideachtaí Stáit agus gníomhaireachtaí eile i mórcheantar Bhaile Átha Cliath ar réimse saincheisteanna polasaithe, tionscnaimh agus Infheistíochtaí iompair beartaithe. Bhí fócas áirithe ag an obair seo ar:

- Gníomhaíocht in ullmhú pleananna forbartha, pleananna limistéara áitiúla, pleananna iompair áitiúla agus máistirphleananna (féach Tábla 19);
- Ullmhú anailís iompair do Lár Chathair Bhaile Átha Cliath agus lárionaid uirbeacha eile thar mórcheantar Bhaile Átha Cliath. Chuimsigh sé seo roinnt staidéir a bhaineann le pleanáil conairí bus fithiseacha agus croíghréasán bus laistigh den Limistéar Uirbeach Bhaile Átha Cliath; agus
- Rannpháirteacht le húdaráis áitiúla agus Institiúidí oideachais i dtionscnaimh bainistíocht éileamh iompair, pleanáil seirbhís iompair poiblí agus bainistíocht tráchta éagsúla.

Tábla 19 – Príomhaighneachtaí pleanála an Údaráis laistigh de Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath (2014)

Pleananna Forbartha	
>>	Athrúchán Dréachta Ui. 2 den Phlean Forbartha Contae na Mí 2013-2019
>>	Athruithe Ábhair Beartaithe don Phlean Forbartha Bhaile Átha Troim Dréachta 2014-2020
>>	Athrúchán Beartaithe Ui. 1 don Phlean Forbartha na hUaimhe 2009-2015
>>	Athruithe Ábhair Beartaithe d'Athrúchán Dréachta Ui. 2 den Phlean Forbartha Contae na Mí 2013-2019
>>	Athruithe Ábhair Beartaithe d'Athrúchán Ui. 1 den Phlean Forbartha na hUaimhe 2009-2015
>>	Athbhreithniú ar an bPlean Forbartha Contae Dún Laoghaire Ráth an Dúin 2010-2016 agus ullmhú Plean Forbartha Contae Dún Laoghaire Ráth an Dúin nua 2016-2022
>>	Athrúchán Dréachta Ui. 2 den Phlean Forbartha Contae na Mí 2013-2019

Pleananna Limistéir Áitiúla, Máistirphlean, Scéimeanna Phleanála	
>>	Scéim Phleanála Zón Forbartha Speisialta Coill na Silíní (iarratas ar eolas ar chúrsaí áirithe)
>>	Plean Limistéir Áitiúil Contae na Mí Thoir
>>	Páipéar Saincheisteanna Plean Limistéir Áitiúil na Carraige Dubha (Comhairle Contae Dún Laoghaire Ráth an Dúin)
>>	Athrúchán Dréachta don Phlean Forbartha Fhine Gall (athaicmiú talún ag Baile Munna)
>>	Athrúchán Dréachta don Phlean Forbartha Fhine Gall (athaicmiú talún ag Baile Cúlann)
>>	Athraithe Ábhair don Phlean Limistéir Áitiúil Baile Uí Chuilinn - An tSeanchúirt (Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas)
>>	Plean Limistéir Áitiúil Dréachta Cill Chuilinn (Comhairle Contae Chill Dara)
>>	Plean Limistéir Áitiúil Leasaithe Bhaile Phib/Muinseo - Páipéar Saincheisteanna (Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath)
>>	Pleananna Limistéir Áitiúla d'Athrúchán Beartaithe 2009-2015 (Comhairle Contae na Mí)
Aighneachtaí don Bhord Pleanála	
>>	Iarratas forbartha infrastruchtúir straitéiseach don acomhal nua ar M7 ag Baile Osbeim agus Seachbhóthar na Solláin, Co. Chill Dara
>>	Iarratas forbartha infrastruchtúir straitéiseach don Acomhal athdheartha ar M7 ag an Halla Nua, Co. Chill Dara
>>	Forbairt Cónaithe, Baile na nGabhar
>>	Iarratas forbartha infrastruchtúir straitéiseach - Athfhorbairt d'Alexandra Basin, Port Bhaile Átha Cliath
>>	Iarratas forbartha infrastruchtúir straitéiseach - Tionscadal Athfhorbartha Athshlánúchán Náisiúnta

Lasmuigh den Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath

Lean an tÚdarás ar aghaigh ag comhthadhaill le húdaráis áitiúla i gCorcaigh, Gaillimh agus limistéir eile san athbhreithniú de Phleananna Forbartha Contae agus Cathrach agus ullmhú de phleananna limistéir áitiúla agus staidéir úsáid talún/iompair.

Ghlac an tÚdarás páirt sa Phlean Straitéiseach Limistéir Corcaigh faoina lean roinnt grúpaí oibre ar aghaidh ag oibriú chuig go luath in 2014. I Luimneach, chomhordaigh an tÚdarás an maoiniú agus faomhadh pleanála den tionscadal athfhorbartha Stáisiún Iarnróid Colbert.

Tábla 20 – Príomhaighneachtaí pleanála an Údaráis lasmuigh den Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath (2014)

Pleananna Forbartha	
>>	Plean Forbartha Cathair Chorcaigh 2009-2015, Athrúchán Dréachta Uí. 11
>>	Plean Forbartha Contae Chorcaigh Dréachta 2013
>>	Plean Forbartha Cathair Chorcaigh Dréachta 2015-2021
>>	Athruithe Beartaithe don Phlean Forbartha Contae Chorcaigh 2013
>>	Plean Forbartha Contae an Lú Dréachta 2015-2021
Pleananna Limistéir Áitiúla, Máistirphleananna, Scéimeanna Phleanála	
>>	Plean Limistéir Toghdhánach Áitiúil Carraig Uí Leighin 2011. Athrú Beartaithe Uí. 2 - Úsáid Talún agus Straitéis Iompair na Dubhghlaise
>>	Plean Limistéir Áitiúil Mhachan Dréachta 2013, Athruithe Beartaithe

>>	Páipéar Saincheisteanna Réamh-Dréachta Plean Limistéir Áitiúil na nArdán (Comhairle Contae Gaillimh)
>>	Máistirphlean Aerfort Chorcaigh
>>	Máistirphleananna do Water Rock, Carraig Thuathail agus Páirc na Sionainne (Comhairle Contae Chorcaigh)

Aighneachtaí don Bhord Pleanála (catagóir ar fad)

>>	Iarratas Forbartha Infrastruchtúir Straitéiseach do shíneadh de Chalafort na Gaillimhe (Cuideachta Calafóirt na Gaillimhe)
>>	Bóthar Faoisimh Dhurlais (Comhairle Contae Thiobraid Árann Thuaidh)
>>	Iarratas Forbartha Infrastruchtúir Straitéiseach - Athfhorbairt de Shaoráidí Chalafoirt ag Rinn an Scidigh (Port Chorcaigh)
>>	Bóthar Rochtana Páirc Nuálaíochta agus Eolaíochta Chorcaigh (Comhairle Contae Chorcaigh)

Treoir, Treoirlínte agus Staidéir Foilsithe

Is tosaíocht don Údarás í treoir agus treoirlínte a ullmhú agus a eisiúint ar réimse saincheisteanna deartha iompair agus bainistíocht éilimh iompair.

Le linn 2014 chuimsigh sé seo proimóisean leanúnach agus eisiúint Treoir Plean Iompair Áit Oibre chomh maith le críochnú Nóta Treoir ar Thréscailteacht i Limistéir Uirbeacha i gcomhairle le Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas.

Lean an tÚdarás ar aghaidh lena hobair leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil ar ullmhú Treoirlínte Pleanála Suíomh Scoile. Tá sé seo dírithe ar dhul i ngleic le saincheisteanna pleanála i suíomh agus dearadh scoilanna nua. Taisceadh dréacht críochnaithe de na treoirlínte don Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil dá bhreithniú.

Múnlaí Iompair

In 2014 tharla dul chun cinn suntasach i bhforbairt múnlaí iompair nua don Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath chomh maith le Corcaigh, Gaillimh, Luimneach agus Port Láirge. I ndiaidh sonrú mionsonraithe den struchtúr agus feidhmiúlacht na múnlaí nua, dhírigh obair sa chuid luath de 2014 ar chódúchán mionsonraithe de na gréasáin agus seirbhísí iompair a bheidh cuimsithe sa mhúnla Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath. Ag deireadh 2014, bhí obair ar nuashonrú an mhúnla don Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath críochnaithe go substaintiúil agus bhí obair go maith faoi bhealach ar nuashonrú múnlaí cosúla do na réigiúin Corcaigh, Luimneach agus Port Láirge.

Mar aon leis sin, críochnaíodh múnla idirlinne do Gaillimh agus bhí sé in úsáid ag Comhairlí Contae agus Cathrach na Gaillimhe ag feitheamh seachadadh an mhúnla réigiúnach feidhmiúil go hiomlán.

Críochnaíodh Múnla Deiridh Turais Náisiúnta, bunaithe ar shonraí taistil ón Suirbhé Teaghlach Náisiúnta agus an Daonáireamh Náisiúnta in 2014. Is féidir leis an múnla seo réamhaisnéisí pleanála agus úsáid talún a dhéanamh agus sraith réamhaisnéisí éilimh iompair comhsheasmhacha a sholáthar (.i. giniúintí thurais agus taitneamhachtaí) do gach cheann de na múnlaí réigiúnacha.

Le linn an fhómhair, tugadh faoi chomháirimh tráchta ag níos mó ná 200 suíomh ar fud na tíre. Bhí na comháirimh seo de dhíth chun na bearnaí a shárú a bhí aitheanta sa bhunachar sonraí náisiúnta reatha de chomháirimh tráchta a bhí bunaithe cheana féin ag an Údarás agus bainfear úsáid astu i gcalabrúchán na múnlaí tráchta réigiúnacha.

In 2014 bhí méadú suntasach in úsáid an mhúnla iompar reatha don Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath. Athbhunaíodh an múnla go 2011 ag baint úsáid as na sonraí iompar Daonáirimh is déanaí agus an t-eolas is nua-aimseartha ar ghréasáin agus seirbhísí iompair poiblí. Baineadh úsáid as an múnla go fairsing i bpleanáil agus dearadh pleananna agus tionscadail iompair atá á chur chun cinn ag an Údarás.

Staidéar Iompair Bhaile Átha Cliath Thuaidh

Tá Baile Átha Cliath Thuaidh ar cheann amháin de na limistéir atá ag fás is tapúla sa Stát agus ginfidh sé iompar breise suntasach laistigh de Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath sa tréimhse suas go 2035.

Cuireadh tús le staidéar féidearthachta le linn 2014 chun an réiteach iompair poiblí fad-téarmach cuí a aithint sa limistéar Bhaile Átha Cliath Thuaidh cuimsithe ag:

- R107 Bóthar Mhullach Íde san oirthear (ach ag cuimsiú an líne iarnróid tuaisceartach);
- Lár Chathair Bhaile Átha Cliath (An Chanáil Mhór) sa dheisceart;
- R135 / N2 Bóthar Fhine Glas/ Bóthar Thuaidh san iarthar; agus
- Acomhal Halla an Leasáin (ar an mótarbhealach M1) agus Cill Dhéagláin sa thuaisceart.

Is é an cuspóir iomlán ná an réiteach iompair poiblí meán/fad téarmach is fearr a aithint ag nascadh do Lár Cathair Bhaile Átha Cliath, a freastalann ceannphointí tábhachtacha ag cuimsiú, go háirithe, Aerfort Bhaile Átha Cliath agus Sord.

I ndiaidh próiseas soláthair poiblí, cheap an tÚdarás Aecom chun tabhairt faoi na hoibre seo. Mar chuid den chéim tosaithe den athbhreithniú, aithníodh agus moladh 25 rogha scéime iompair poiblí do mheasúnú tosaithe, ag cuimsiú:

- 10 rogha Iarnróid Trom;
- 8 rogha Iarnróid Éadrom;
- 5 rogha Bus Gasta; agus
- 2 rogha ag comhcheangail modhanna Iompair difriúla.


Rinneadh athbhreithniú agus measúnú ar na 25 tairiscint ar fad, ag cuimsiú breithniúchán d'fhéidearthacht teicniúil, saincheisteanna costais agus comhshaoil.

I mí na Nollag fógraíodh gearr-liosta de sé rogha tionscadail d'fheidhmeanna comhairliúchán poiblí ag cuimsi:

- Nasc DART ó Chluain Ghrífin go hAerfort Bhaile Átha Cliath agus Sord;
- Nasc DART ón líne iarnróid Má Nuaid go hAerfort Bhaile Átha Cliath agus Sord via tollán faoi Ghlas Naíon;

- Líne Luas ón Chabhrach go hAerfort Bhaile Átha Cliath agus Sord via tollán faoi Ghlas Naíon;
- Líne Meitreo ó Fhaiche Stiabhna go hAerfort Bhaile Átha Cliath agus Sord;
- Comhcheangal de roinnt seirbhísí Bus Gasta beartaithe; agus
- Comhcheangal de nasc DART ó Chluain Ghrífin go hAerfort Bhaile Átha Cliath agus líne Luas ón Chabhrach go Sord.

04



Ag tacú le daoine roghanna iompair inbhuanaithe a dhéanamh

91 páirtneir le lucht oibre comhcheangailte de 100,000 ag glacadh páirt sa Chlár Áiteanna Oibre Iompar Níos Cliste.

Clár Áiteanna Oibre Iompar Níos Cliste

Is é feidhm an Chláir seo, atá ag réachtáil le níos mó ná cúig bliana, ná oibreoirí a spreagadh malartú do mhodhanna iompair níos inbhuanaithe dá dtimaeistear laethúil. Earcaíonn an tÚdarás go gníomhach fostóirí a bheith mar pháirtneirí Chláir. Tacaíonn an tÚdarás le páirtneirí trí éascaitheoir tiomnaithe a sholáthar chun cabhrú le suirbhéanna iompair a dhéanamh, pleananna aicsin a ullmhú agus a chur i bhfeidhm agus monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn. Eagraítear seimineáir agus eachtraí proimóisin chomh maith.

Leanann an Clár ar aghaidh páirtneirí nua a tharraingt. In 2014, ghlac 91 páirtneir le lucht oibre comhcheangailte de 100,000 páirt sa Chlár. Mar sin féin, measadh roinnt páirtneirí a bheith suanach mar gheall ar leibhéal íseal gníomhaíochta leis an gClár.

Cé go raibh fócas an Chláir ar fhostóirí móra, fairsingíodh é le linn 2014 le scafaí fostóirí níos lú a chuimsiú mar shampla An Pointe Thoir i mBaile Átha Cliath, Loch Machan i gCorcaigh agus An Pháirc Mhór i nGaillimh.

Is gnéithe tabhachtacha den Chlár Áiteanna Oibre Iompair Níos Cliste gach bliain iad na dúshláin rothaíochta agus siúil a sholáthraíonn deis d'fhoirne ó na cuideachtaí éagsúla dul

in iomaíocht lena chéile le feiceáil cé is féidir na mílte is mó a dhéanamh. Tá na dúshláin, a réachtáiltear thar tréimhse gearr, ina slí taitneamhach fostaithe a spreagadh a gcleachtaí timaistrithe a athrú. Tá na dúshláin eagraithe agus bainistithe ag an Údarás. Tharraing an Dúshlán Peidiméadair 2014 3,900 fostaí thar 50 Páirtneir. Is eachtra trasteorann é an Dúshlán Rothaíocht agus reachtáiltear é i gcomhoibriú le Travelwise Tuaisceart Éirean. In 2014, tharraing sé 750 duine ó 57 áit oibre, ó thuaidh agus ó theas.



HEALTHY HEART GET YOUR WALKING SHOES ON **Wellness** LOSE WEIGHT Take a walk Let it Shape Up

PEDOMETER CHALLENGE

GET MOVING TODAY TO THE DAY WALK TO WORK BURN CALORIES TEAM UP STEP IT OUT! SCORING

MON 8TH SEPT - SUN 5TH OCT

Get a Team | Get Walking | Win Prizes!

Prizes to be won include a place on the Irish Heart Foundation Overseas European Walk, Tablets, Activity Trackers, Goodie Bags and more!

Sign up now at **www.pedometerchallenge.ie**

For more information contact your coordinator or email pedometerchallenge@smartertravelworkplaces.ie

 Like us on Facebook



10

MINUTE CYCLE CHALLENGE

7th – 27th MAY 2014

IT'S AS EASY AS RIDING A BIKE!

- A fun challenge for teams of 3 to 6 people.
- New and experienced cyclists are welcome!
- Collect points for every journey over 10 minutes.
- Fantastic prizes worth over €5,000!

Sign up now at **www.cyclechallenge.ie**

For more information contact cyclechallenge@smartertravelworkplaces.ie or your coordinator.

Clár Champais Iompar Níos Cliste

Tá an Clár seo, atá ina dara bhliain, cosúil leis an gClár Áit Oibre Iompar Níos Cliste. In 2014 chuimsigh sé 22 institiúid tríú leibhéal thar na hÉireann a chomhaontaigh aicsin a chur i bhfeidhm le mic léinn agus foireann a spreagadh agus a dtacú chun siúil, dul ar rothar, iompar poiblí a thógáil nó roinnt carranna ar an dtímaistear chuig campas. Laistigh de na campais pháirtneireachta, tá níos mó ná 30,000 foireann agus beagnach 200,000 mac léinn.

Corpraíonn an Clár dúshlán siúil agus rothaíochta, atá oscailte d'fhoireann agus mic léinn. Tharraing an Dúshlán Siúil Mic Léinn 2014 1,050 mac léinn thar 350 foireann ó 12 campas agus tharraing an Dúshlán Rothaíochta Mic Léinn 91 foireann thar 13 campas.

Clár Iompair Scoileanna-Glasa

Le linn an bhliain acadúla 2013-2014 chuaigh 250 scoil thar na tíre leis an gClár, a lean ar aghaidh a bheith oibrithe ag An Taisce thar cheann an Údaráis.

In 2014 d'fhorbair an tÚdarás an branda Scoileanna Iompair Níos Cliste le cinntiú gur féidir le scoil ar bith, cé acu an bhfuil siad mar chuid den Chlár Scoileanna Glasra nó nach bhfuil, aitheantas a fháil ar a ngníomhaíochtaí le slite inbhuanaithe chun teacht ar agus dul abhaile ón scoil a thacú.

Le linn na bliana riar an Oifig Rothaíochta Iompar Scoileanna Glasra deontais oiliúna rothaíochta do 50 scoil agus sholáthair an tÚdarás, thar cheann an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt maoiniú do shúiteáil 420 spás páirceála rothair ag 28 scoil.



05

Ag uasghrádú infrastruchtúir

Seachadadh caiteachas caipitiúil de €230 milliún i Mhórchearantar Bhaile Átha Cliath.

Infheistíocht Chaipitiúil

Tá freagracht reachtúil ag an Údarás as an maoiniú d'infrastruchtúir iompair poiblí i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath.

Mar aon leis sin chuir an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt maoiniú d'infrastruchtúir iompair

- inbhuanaithe sna cathracha réigiúnacha móra, agus
- bearta inrochtana iompair go náisiúnta de chúram ar an Údarás.

De ghnáth tugtar faoi oibreacha chaipitiúla ag oibritheoirí iompair agus údaráis áitiúla thar cheann an Údaráis.

Tábla 21 – Dáileadh d'íocaíochtaí chaipitiúla (2014)

Gníomhaireacht Fheidhmithe	Clár Caipitiúil Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath (€ milliún)	Clár Caipitiúil Cathracha Réigiúnacha & Clár Maoinithe Spreagthach (€ milliún)	Clár Caipitiúil Inrochtana (€ milliún)	Iomlán (€ milliún)
Bus Éireann	28.5	2.0	-	30.5
Comhairle Chathair Chorcaí	0.0	3.8	-	3.8
Comhairle Contae Chorcaí	-	1.1	0.1	1.2
Bus Bhaile Átha Cliath	59.3	1.7	0.5	61.5
Comhairle Chathair Bhaile Átha Cliath	16.1	0.5	-	16.6
Comhairle Chontae Dún Laoghaire-Ráth an Dúin	2.6	-	-	2.6
Comhairle Chontae Fhine Gall	3.2	-	-	3.2
Comhairle Chathair na Gaillimhe	-	1.3	-	1.3
Comhairle Chontae na Gaillimhe	-	-	0.1	0.1
Iarnród Éireann	49.3	3.0	0.8	53.1
Comhairle Chontae Chill Dara	1.5	-	-	1.5
Comhairle Chathair & Contae Luimnigh	-	2.4	-	2.4
Comhairle Contae Lú	0.0	-	0.1	0.1
Comhairle Chontae na Mí	2.2	-	0.1	2.3
an tÚdarás Náisiúnta Iompair	18.2	0.2	0.7	19.1
An Gníomhaireacht um Fháil Iarnród	43.6	-	-	43.6

Gníomhaireacht Fheidhmithe	Clár Caipitiúil Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath (€ milliún)	Clár Caipitiúil Cathracha Réigiúnacha & Clár Maoinithe Spreagthach (€ milliún)	Clár Caipitiúil Inrochtana (€ milliún)	Iomlán (€ milliún)
Comhairle Chontae Bhaile Átha Cliath Theas	3.9	0.3	-	4.2
Comhairle Cathrach Phort Láirge	-	1.8	-	1.8
Comhairle Chontae Chill Mhantáin	2.0	-	-	2.0
Iomlán	230.4	18.1	2.4	250.9

Clár Caipitil Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath

Infheistíodh €230.4 milliún i gcaiteachas caipitil i Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath trí bhíthin na gceithre fochlár seo a leanas:

- Iarnród Trom;
- Iarnród Éadrom;
- Bus agus Bus Gasta; agus
- Iompar Inbhuanaithe agus Comhtháite.

Tá cur síos níos mine le fáil ar gach ceann acu siúd sna hailt seo a leanas.


Tábla 22 – Clár Caipitil Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath (2014)

Fochlár	Caiteachas (€ milliún)	% den chaiteachas iomlán
Bus agus Bus Gasta	91.99	39.93
Iarnród Trom;	49.01	21.27
Iarnród Éadrom	46.42	20.15
Iompar Inbhuanaithe agus Comhtháite	42.98	18.65
Iomlán	230.4	100

Iarnród Trom;

Rinneadh dul chun cinn suntasach maidir le cur chun cinn an tríú céim de Thionscadal athchomharthaíochta Lár Cathrach Bhaile Átha Cliath

idir Sráid na Teamhrach agus Dumhach Thrá. Cuireadh tús i mí Lúnasa le conradh sibhialta ag Duga na Canálach Móire le tacú le tógáil na saoráide um chasadh ar ais ag Duga na Canálach Móire agus le rochtain paisinéirí ar an stáisiún a fheabhsú. Cuireadh tús le hoibreacha chun bealaí do cháblaí comharthaíochta agus teileachumarsáide a shuiteáil agus cuireadh tús freisin le tógáil claiseanna mar ullmhúcháin d'aistrithe comharthaí.



Droichead Róise Haicéid thar Abhainn na Life

Leanadh ar aghaidh le hobair chomh maith chun an plean céimneach is fearr a aithint chun an Lárionad Rialaithe Tráchtála Iarnróid atá ag Stáisiún Uí Chonghaile i mBaile Átha Cliath a uasghrádú. Chuimsigh sé sin Moladh Céimithe a ullmhú trína ndéanfaí measúnú ar na háiseanna agus na sócmhainní atá sa Lárionad cheana féin mar aon le measúnú a dhéanamh ar an timpeallacht oibriúcháin agus ar an ualach oibre atá ar lucht chomharthaíochta. Moladh réiteach barrmhaith chun an Lárionad a chomhtháthú agus a thabhairt cothrom le dáta, lena n-áirítear moltaí eatramhacha chun an leas is éifeachtúla a bhaint as na háiseanna agus na sócmhainní atá ann cheana féin.

Cuireadh tús le hullmhú cás gnó do thionscadal an Tolláin faoi Pháirc an Fhionnuisce. Rinneadh réamhoibreacha talún agus oibreacha imscrúdaithe suímh ag an am céanna freisin. Mar aon leis na hoibreacha leanúnacha athchomharthaíochta atá ar siúl idir Stáisiún Uí Chonghaile agus Duga na Canálach Móire, cuirfidh an tionscadal ar chumas traenacha comaitéara gluaiseacht go rialta tríd an Tollán faoi Pháirc an Fhionnuisce den chéad uair nuair a dhéanfar an tollán agus an bealach a uasghrádú agus méadófar líon na seirbhísí traenach a mbeifear in ann a oibriú ar an líne idir Stáisiún Uí Chonghaile agus Duga na Canálach Móire.

Iarnród Éadrom

Leanadh ar aghaidh le cur i bhfeidhm an tionscadail Luas Traschathrach. Cuireadh tús go luath sa bhliain ar obair an chonartha chun fónais a atreorú agus bhí thart ar 70% de na hoibreacha tugtha chun críche faoi dheireadh na bliana. Cé go mb'éigean athruithe suntasacha a dhéanamh maidir le bainistiú tráchtála i lár Chathair Bhaile Átha Cliath de bharr na hoibre sin d'oibrigh na príomhpháirtithe i ndlúth-chomhpháirtíocht le chéile sa chaoi go ndearnadh an cur isteach ba lú ar chúrsaí tráchtála.

Cuireadh tús leis an obair a bhain le conradh na nOibreacha Oidhreachtála trína ndearnadh míreanna mar dhealbha agus pábháil a aistriú, a stóráil go sealadach agus i gcásanna áirithe a athlonnú in áiteanna eile. Aistríodh dealbh Molly Malone go suíomh nua ag Sráid San Aindrias agus tógadh dealbh Thomas Moore óna shuíomh in aice le Coláiste na Tríonóide agus cuireadh i dtaisce é lena choinneáil slán.

Cuireadh tús le dearadh na gcóras rialaithe agus trealamh fostáisiún. Cuireadh tús le hobair freisin ag uasghrádú an fhostáisiúin atá ann cheana féin ag Sráid Uí Chonaill d'fhonn freastal ar an éileamh méadaithe cumhachta a bheidh ag teastáil don líne Luas Trasathrach.

Iarradh tairiscintí i mí Aibreáin don chonradh don phríomhbhonneagar, lena n-áirítear soláthar ráilí agus stadanna, dromchlaí a chur ar na sráideanna agus suiteáil an chórais cumhachta. Roghnaíodh comhfhiontar ina a mbeidh Sisk/Steconfer mar chonraitheoir i mí na Nollag.

Osclaíodh Droichead Róise Haicéid go hoifigiúil ar an 20 Bealtaine. Cuireann an droichead nua nasc iompair straitéiseach ar fáil idir codanna thuaidh agus theas na cathrach. Nuair a chuirfear tús leis an líne Luas Trasathrach rithfidh sé thar an droichead sin. Idir an dá linn tá an droichead oscailte do bhusanna, tacsaithe, coisithe agus rothaithe.

Bus agus Bus Gasta

Lean an tÚdarás ar aghaidh leis an gclár maidir le cothabháil cáilíochta an fhlít busanna fóirdheontais atá á oibriú ag Bus Átha Cliath agus Bus Éireann.

Chuir an tÚdarás deontas ar fáil chun 65 bhus dhá urlár nua a cheannach lena n-úsáid ag Bus Átha Cliath. Cuireadh formhór na mbusanna sin ar fáil nuair a bhí deireadh na bliana 2014 ag druidim linn. Tá roinnt gnéithe feabhsaithe sna busanna nua amhail níos mó spás ar an taobh istigh, tá siad níos leithne agus tá an tsíleáil thuas agus an tsíleáil thíos níos airde, tá córais fheabhsaithe téite agus aeraithe iontu, tá na suíocháin níos fearr, tugtar eolas faoin gcéad stad eile, bíonn Wi-Fi ar fáil iontu agus tá doirse lánacha iontu chun bordáil agus tuirlingt a éascú. Sásaíonn na busanna ar fad an caighdeán Euro VI sa chaoi go mbeidh laghduithe suntasacha astaíochtaí acu i gcomparáid leis na busanna a bhfuil siad á gcur ina n-áit.

Mhaoinigh an tÚdarás clár in 2014 d'athchóiriú fhlít Bhus Átha Cliath atá ann cheana féin. Is é aidhm an chlár ná costais chothabhála sa todhchaí a laghdú, iontaofacht na bhfeithiclí a fheabhsú agus dealramh níos fearr a chur orthu.

D'aontaigh an tÚdarás deontas i gcabhair a thabhairt le tacú le ceannach 57 mbus agus cóiste ag Bus Éireann. Cuireadh tús leis an obair déantúsaíochta in 2014 agus tá siad le soláthar in 2015.

D'eagraigh an tÚdarás dhá chomhairliúchán phoiblí i rith na bliana maidir leis an ngréasán Bus Gasta atá molta do Bhaile Átha Cliath, ina bhfuil pleananna do bhealaí idir Cluain Ghrífin agus Tamhlacht, Baile Bhlainséir agus Coláiste na hOllscoile Baile Átha Cliath agus Sord/Aerfort Bhaile Átha Cliath agus Lár na Cathrach.

Sa chéad chomhairliúchán tugadh isteach an líonra atá beartaithe, ina raibh na trí bhealach atá ag teacht chun cinn mar na cinn is dealraithe a roghnófar do gach ceann den trí bhealach. Sa dara chomhairliúchán tugadh isteach an bealach ba dhealraithe a roghnófar idir Sord/Aerfort Bhaile Átha Cliath agus Lár na Cathrach, bealach a aithníodh i ndiaidh roghnú bealaigh agus próiseas dearaidh tosaigh.

Cuireadh tús leis an anailís agus leis an obair measúnaithe a bhí riachtanach chun an bealach ba dhealraithe a roghnófar a thoghadh don bhealach beartaithe idir Baile Bhlainséir agus Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath.

Iompar Inbhuanaithe agus Comhtháite

Tacaíonn an Fochlár seo le réimse leathan tionscadal i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath.

Leithdháiltear an chuid is mó den mhaoiniú tríd an gClár Deontais le haghaidh Bearta Iompair Inbhuanaithe do thionscadail bhainistíochta tráchta a thugann tacaíocht d'fhorbairt agus cur chun feidhme modhanna iompair inbhuanaithe mar rothaíocht, siúl agus iompar poiblí. Tá an Clár á bhainistiú i gcomhréir le Treoirínte an Údaráis um Bainistiú Tionscadal. Is iomaí céim a bhaineann le Tionscadail ó fhorbairt roghanna go toiliú pleanála a fháil agus ó thairiscintí a iarraidh go hobair tógála. D'fhéadfadh sé roinnt blianta a thógáil i gcás tionscadal níos mó.

Cuireadh roinnt príomhthionscadal i gcrích in 2014 faoin gClár Deontais le haghaidh Bearta Iompair Inbhuanaithe Ina measc bhí:-

- Lána bus in aghaidh an tsrutha ag Cé Theach an Chustaim a thabharfaidh tosaíocht do bhusanna ar Dhroichead nua Róise Haicéid;
- Scéim Feabhsúcháin Cáilíochta Chonair Bhus Shráid Thomáis agus Shráid San Séamas trínar cuireadh saoráidí feabhsaithe ar fáil do bhusanna, don lucht rothaíochta agus do choisithe ar bhealach tábhachtach laistigh de Chathair Bhaile Átha Cliath;
- Athruithe ar bhainistíocht tráchta i Lár Chathair Bhaile Átha Cliath le tacú Luas Traschathrach;
- Críochnú bóthar dáileacháin an Tobar Naofa i Sord le go mbeidh sé níos éasca cosc a chur le trácht ag gluaiseacht trí shráidbhaile an Tobar Naofa;
- Scéim Rothaíochta na Canálach Ríoga (Baile an Ásaigh go dtí an 12ú Loc, Caisleán Cnucha), rud a chruthaíonn timpeallacht rothaíochta níos fearr mar chuid den Bhealach Rothaíochta atá beartaithe idir Baile Átha Cliath agus Gaillimh;
- Glasbhealach na Bóinne (Céim 1), a chuireann bealach leithscartha áineasa rothaíochta agus bealach coisithe ar fáil cois Abhainn na Bóinne ó Rampair Dhroichead Átha go Seandroichead;
- Droichead thar abhainn na Dothra ag Teach na Giúise a chuireann nasc nua rothaíochta agus siúil ar fáil thar an abhainn idir dhá phobal a bhfuil 16,000 duine ina gcónaí iontu mar aon le rochtain níos éasca ar iompar poiblí, siopaí, scoileanna agus áiseanna spóirt.

Tacaíonn an Fochlár freisin le comhtháthú na modhanna iompair trí infheistíocht i seirbhísí mar scéim an Chárta Leap, an córas faisnéise fíor-ama do phaisinéirí agus an Pleanálaí Náisiúnta Turas.

Tábla 23 - Caiteachas faoin gClár um Bearta Iompair Inbhuanaithe (2014)

	Siúl & Rothaíocht	Bainistiú Tráchta	Líonra Bus	Sábháilteacht	Tionscadail Eile	Iomlán
Caiteachas iomlán (€ milliún)	15.69	6.91	6.70	0.63	0.60	30.53
% den chaiteachas iomlán	51.4	22.6	21.9	2.1	2.0	100

Tábla 24 - Bearta iompair inbhuanaithe curtha i bhfeidhm i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath (2014)

Ceantar Údaráis Áitiúil	Cathair Bhaile Átha Cliath	Baile Átha Cliath Theas	Fine Gall	Dún Laoghaire-Ráth an Dúin	An Mhí	Cill Dara	Cill Mhantáin	Iomlán
Líon Iomlán na dtionscadal	61	22	17	18	30	21	31	200
Lánaí nua bus (méadair)	885	0	0	0	0	0	230	1,115
Lánaí nua rothar (méadair)	700	2,137	7,820	3,900	920	0	460	15,937
Cosáin nua (méadair)	1,035	2,137	0	2,700	1,050	1,600	1,980	10,502
Feabhsúcháin ar aomhail tráchta (uimh.)	8	0	9	16	4	1	13	51
Feabhsúcháin ar stadanna bus (uimh.)	8	0	1	8	5	0	7	29
Trasrianta Túcánacha curtha ar fáil (uimh.)	1	0	0	3	0	0	0	4
Trasrianta coisithe curtha ar fáil (uimh.)	3	0	6	2	3	1	10	25

Clár Infheistíochta Iompair Inbhuanaithe i gCathracha Réigiúnacha

Bainistíonn an tÚdarás an Clár seo thar ceann na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. Tabhaíodh caiteachas caipitil de € 18 milliún ar 71 tionscadal i gCorcaigh, i nGaillimh, i Luimneach agus i bPort Láirge in 2014.

Tábla 25 - Clár Infheistíochta in Iompar Inbhuanaithe i gCathracha Réigiúnacha (2014)

	Líonra Bus	Siúl & Rothaíocht	Bainistiú Tráchta	Comhtháthú / Tacaíocht	Sáb-háilteacht	Tionscadail Eile	Iomlán
Caiteachas (€ milliún)	6.9	3.5	2.3	1.4	0.01	3.9	18.1
% den chaiteachas iomlán	38.1	19.3	12.8	7.8	0.1	21.8	100

Scéimeanna Rothar Poiblí

Chinn an tÚdarás i mí an Mhárta an conradh a bhronnadh ar An Rothar Nua maidir le soláthar, suiteáil, cothabháil agus oibriú na scéimeanna, agus thosaigh siad sin láithreach ag obair ar tháirgeadh na rothair agus tógáil na n-oibreacha riachtanacha suiteála sna cathracha Corcaigh, Gaillimh agus Luimneach.

Osclaíodh an chéad cheann de Scéimeanna Rothar Coca-Cola Zero i gCathair na Gaillimhe i mí na Samhna.

Osclaíodh scéim Luimnigh go luath ina dhiaidh sin i mí na Nollag agus an chéad chéim de Scéim Chorcaí ag deireadh mhí na Nollag. Nuair a bheidh na trí scéim críochnaithe go hiomlán beidh 740 rothar ar fáil ar cíos (205 i nGaillimh, 215 i Luimneach agus 320 i gCorcaigh) mar aon le 73 stáisiún nasctha a bheidh suite go straitéiseach ag pointí is mó a mbíonn daoine ag tarraingt orthu agus ag príomhphointí éilimh sna trí chathair. Tá táillí síntiús bliantúla na scéime

socraithe ag €10 in aghaidh na cathrach, agus €3 le haghaidh síntiús 3 lá. Nuair a thógtar rothar ar cíos bíonn an chéad 30 nóiméad

saor in aisce, ach gearrtar muirir má choinnítear rothar ar feadh tréimhsí níos faide. Faoi mar atá i gcás na scéime dublinbikes

táthar ag súil go dtógfar an chuid is mó de na rothair ar feadh níos lú ná 30 nóiméad agus nach mbeidh aon mhuirear i gceist.

Chuir an tÚdarás maoiniú ar fáil chun an scéim dublinbikes a leathnú go Stáisiún Heuston agus na Dugthailte agus cuireadh bailchríoch ar an obair in 2014.





Feithiclí Beaga Seirbhíse Poiblí

Chuir an tÚdarás rialacháin nua i bhfeidhm trína ndearnadh comhdhlúthú ar an reachtaíocht thánaisteach go léir a bhaineann le feithiclí beaga seirbhíse poiblí.

Reachtaíocht

I mí Aibreáin, shínigh an tAire Iompair, Turasóireachta agus Iompair Ordú chun tús a chur le forálacha an Achta um Rialáil Tacsaithe 2013. I gcomhthráth leis sin chuir an tÚdarás Rialacháin nua i bhfeidhm trína ndearnadh comhdhlúthú ar an reachtaíocht thánaisteach go léir a bhaineann le feithiclí beaga seirbhíse poiblí (SPSVanna)¹³ agus déanann sé iad a ailíniú leis an Acht. Tháinig na Rialacháin seo i bhfeidhm ar an 7 Aibreán.

Is iad seo a leanas na forálacha is suntasaí den Acht agus de na Rialacháin nua:

- Dícháiliú uathoibríoch sealbhóirí ceadúnais tiomána a gciontaítear i gcionta tromchúiseacha ar feadh tréimhsí sonraithe nó fiú dícháiliú saoil;
- Toirmeasc ar dhíol nó aistriú ceadúnais feithicle, mar aon le saoráid trína bhféadfaidh sealbhóir ceadúnais ionadaí a ainmniú ar féidir ceadúnas a shannadh dó nó di ar bhás sealbhóra an cheadúnais;
- Toirmeasc ar fheithicil a thairiscint nó a fhógairt lena fruilíú gan an fheithicil a bheith ceadúnaithe;
- Córas míthuillteanais ina gcuirfear ceadúnais tiománaithe ar fionraí go huathoibríoch ar feadh trí mhí má fhaigheann an té sin ocht bpointe míthuillteanais nó níos mó;
- Ceadáítear fógraíocht ar thacsaithe faoi réir srianta méide agus an t-ábhar a bheith cuí;
- Sonraíodh teorainneacha aoise d'fheithiclí atá oiriúnach do chathaoireacha rothaí;
- Laghdaíodh na sonraíochtaí méide d'fheithiclí atá oiriúnach do chathaoireacha rothaí;
- Tá tuilleadh tástálacha ródacmhainneachta agus oiriúnachta d'fheithiclí os cionn 10 mbliana d'aois;
- Caithfidh tiománaithe deimhniú bailí imréitigh cánach a bheith acu i gcónaí;
- Tá uaireanta uasta oibre leagtha síos, mar aon le dearbhú ag iarratasóirí ar cheadúnais tiomána i ndáil le fostaíocht eile, chun sábháilteacht a fheabhsú agus baol tuirse a mhaolú;
- Tá saoráid ann trína bhféadfar a chur de cheangal ar thiománaithe a ndearnadh trí nó níos mó gearán fúthu nach raibh eolas acu faoi limistéar go mbeidh orthu dul faoi thástáil eolais limistéar chun a gceadúnas a athnuachan;
- Tabhairt isteach cheadúnú simplithe d'oibreoirí seachadta, chun córais bunaithe ar aipeanna agus ar theicneolaíochtaí nua a bheith san áireamh.

I mí na Samhna agus mí na Nollag chuaigh an tÚdarás i mbun comhairliúcháin phoiblí ar mholtaí chun na Rialacháin a rinneadh i mí Aibreáin a leasú chun tuilleadh feabhais a chur ar chaighdeán laistigh den tionscal agus cothromaíocht níos fearr a bhaint amach idir riachtanais tomhaltóirí agus oibreoirí SPSVanna. Ag a gcruinniú i Mí na Nollag cheadaigh Bord an Údaráis go gceapfaí na Rialacháin nua.

¹³ Tagraíonn an téarma feithiclí beaga seirbhíse poiblí do gach catagóir de tacsaithe, fruilcharranna agus limisíní

Staitisticí

Le linn 2014 tháinig laghdú 1.6% go 21,547 ar líon na gceadúnas d'fheithiclí beaga seirbhíse poiblí agus tháinig laghdú 5.5% go 29,457 ar líon na gceadúnas tiomána.

Tábla 26 - Cineál na gceadúnas feithicle i bhflít na bhfeithiclí beaga seirbhíse poiblí ag deireadh 2014

Tacsaithe Caighdeána-cha	Fruilchar-ranna Caighdeánacha	Limisíní	Tacsaithe atá Oiriúnach do Chathaoireacha Rothaí	Fruilchar-ranna atá Oiriúnach do Chathaoireacha Rothaí	Fruilcharranna na Ceantar Áitiúil	Iomlán
16,899 (77%)	2,281 (10%)	1,437 (6%)	889 (4%)	34 (2%)	7 (<1%)	21,547 (100%)

Iontrálaithe nua

Chun ceadúnas a fháil chun feithicil bheag seirbhíse poiblí a thiomáint, ní mór d'iarratasóirí pas a fháil ar dtús i dTástáil Iontrála. Is é an tÚdarás a reáchtálann an Tástáil Iontrála faoi láthair thar ceann an Gharda Síochána, arb iad sin an t-údarás reachtúil ceadúnaithe do thiománaithe.

Chuaigh 1,227 n-iarrthóir ar mhian leo a bheith ina dtiománaithe ceadúnaithe tacsaithe, fruilcharranna agus limisíní faoi 2,494 thástáil iontrála ina 2014. D'éirigh le 22% acu.

Ní mór d'iarratasóirí a pas a fháil sa Tástáil Iontrála agus dul faoi phróiseas grinnfhiosrúcháin a riarann an Garda Síochána ina dhiaidh sin. Nuair a bhíonn an próiseas sin críochnaithe go rathúil eiseoidh an tÚdarás cártaí aitheantais don iarratasóir a gcaithfear a chur ar taispeáint san feithicil atá á tiomáint.

Tástáil Feithiclí

Ní mór gach ceadúnas d'fheithicil bheag seirbhíse poiblí a athnuachan gach bliain ar a laghad. Déantar ródacmhainneacht feithiclí a chinntiú ar dtús tríd an Tástáil Náisiúnta Carranna. Déantar na feithiclí a iniúchadh ansin le féachaint an bhfuil siad oiriúnach lena n-úsáid mar feithiclí beaga seirbhíse poiblí.

Bhronn an tÚdarás agus an tÚdarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann dhá chonradh ar Applus in 2014 chun líonra náisiúnta d'ionaid tiomnaithe a chur ar fáil chun cigireachtaí oiriúnachta feithiclí agus córas fíoraithe tacsaiméadair agus seirbhísí gaolmhara a sholáthar, mar shampla, Tástáil Iontrála do dhaoine ar mian leo feithiclí beaga seirbhíse poiblí a thiomáint.

Tá aon ionad déag lonnaithe ar fud an Stáit chun seirbhísí cigireachta maidir le hoiriúnacht feithiclí a dhéanamh ar son an Údaráis. Ina theannta sin riarann cúig phríomhionad cigireachta (i mBaile Átha Cliath Thuaidh, Baile Átha Cliath Theas, Corcaigh, Gaillimh agus Sligeach) an Tástáil Iontrála.

Rinneadh 26,819 gcigireacht faoi oiriúnacht feithiclí in 2014.



Táillí Tacsaithe

Déantar athbhreithniú foirmiúil ar uastáillí náisiúnta tacsaithe gach dhá bhliain chun na costais reatha a bhaineann le hoibriú tacsáí a fháil amach agus an gá atá le hathrú a dhéanamh ar leibhéil na dtáillí. Ní dhearnadh aon athrú ar tháillí tacsáí ó 2008.

I mí na Samhna, d'fhoilsigh an tÚdarás ordú faoi dhréachtchaighdeán uastáillí agus Tuarascáil faoi Athbhreithniú Táillí Tacsaithe agus iarradh aiseolas ó thomhaltóirí agus ó oibreoirí. Iarradh ar an gCoiste Comhairleach um fheithiclí beaga seirbhíse poiblí a dtuairimí a thabhairt fúthu freisin. I mí na Nollag chinn Bord an Údaráis Ordú nua faoi Tháillí Uasta a dhéanamh le héifeacht ón 30 Aibreán 2015 chun méadú thart ar 4% a dhéanamh ar an meán ar tháillí tacsaithe.

Gníomhaíocht maidir le Comhlíonadh

Leag an tÚdarás béim bhreise in 2014 ar bhearta oideachais, coiscthe agus forfheidhmithe chun go gcomhlíonadh na hoibreoirí na rialacháin ábhartha níos fearr.

I rith na bliana cheap agus d'oil an tÚdarás 15 oifigeach údaráithe breise le tabhairt faoi ghníomhaíochtaí comhlíonta lena n-airítear iniúchtaí a dhéanamh ar thiománaithe agus ar fheithiclí ar thaobh an bhóthair, mar aon le himscrúdú a dhéanamh ar ghearáin tomhaltóirí. Thug sé seo go 23 líon na n-oifigeach atá tiomnaithe do chomhlíonadh SPSVanna a chinntiú. I mí Lúnasa, ceapadh foireann nua um sheirbhísí ionchúisimh dlí agus chríochnaigh an tÚdarás ollchóiriú ar a chórais agus ar a phróisis chomhlíonta inmheánacha.

De thoradh na n-acmhainní méadaithe sin tháinig méadú 55% ar líon na seiceálacha foirmiúla a rinneadh ar oibreoirí in 2014. Ina theannta sin, tháinig méadú 100% ar líon na bhfógraí faoi focaíochtaí seasta a eisíodh lasmuigh Bhaile Átha Cliath sa chaoi go raibh líon i bhfad níos mó ionchúiseamh i gcúirteanna ar fud na tíre. Rinne an tÚdarás 80 cás a ionchúiseamh san iomlán

in 2014 Thit meán na gcásanna cúirte a díbheadh sna trí bliana roimhe sín ó 37% go 10%. Thosaigh an tÚdarás ag braisliú ionchúiseamh sna cúirteanna éagsúla ar fud na tíre chun am cúirte agus costais dlí a spáráil.

Tábla 27 - seiceálacha cois bóthair a rinneadh ar fheithiclí

Bliain	Líon na seiceálacha	% an athraithe ón mbliain roimhe
2011	9,477	n/a
2012	15,142	+59.8%
2013	18,103	+19.6%
2014	28,291	+56.3%

Tomhaltóirí

Cuireann an Aip um Sheiceáil Tiománaí ar chumas custaiméara a fhíorú go bhfuil feithicil cláraithe i gceart agus go bhfuil an ceadúnas cuí ag an tiománaí chun an fheithicil a oibriú. Mura bhfuil na sonraí i gceart is féidir leis an gcustaiméir leas a bhaint as an aip chun an neamhréireacht a thuairisciú don Údarás agus feithicil eile a roghnú don aistear. Íoslódáladh an aip 14,226 uair in 2014.

Thug an tÚdarás isteach foirmeacha teagmhála gréasáin, r-phost agus socruithe teileafóin níos fearr i rith na bliana le go mbeadh sé níos éasca do thomhaltóirí tuairimí nó gearáin a sheoladh isteach faoi sheirbhísí tacsáí, fruilcharr, limisín agus seirbhísí oibreoirí seachadta ar fud na tíre. Déanann foireann comhlíonta an Údaráis athbhreithniú ar an aiseolas go léir.

Bhí an-dea-thionchar aige sin agus tháinig méadú suntasach ar líon na dtuairimí agus na ngearán a fuarthas. Rinne an tÚdarás réamh-imscrúdú agus dúnadh níos mó ná leath de na haighneachtaí a fuarthas in 2014 toisc iad a bheith sa chatagóir “níl aon ghníomh eile riachtanach”; ar na cúiseanna a bhí leis sin bhí botúin a rinne ceachtar páirtí nó míthuiscintí a bhí orthu, gan a bheith in ann dul ar aghaidh toisc nár sholáthraigh an gearánach sonraí teagmhála nó go mb’fhearr leo gan leanúint leis an ngearán nuair a rinneadh dteagmháil leo, toisc nach bhféadfaí an t-oibreoir a aithint nó toisc go mba thuairimí nó teachtaireachtaí molta iad na haighneachtaí seachas gearáin. Ar na bearta a rinneadh sa chuid eile de na cásanna bhí comhairle a eisiúint, rabhadh foirmiúil a thabhairt, fógra a thabhairt faoi íocaíocht seasta nó toghairm ionchúisimh a eisiúint don oibreoir.

Tábla 28 - Gearáin maidir le seirbhísí feithicilí beaga seirbhíse poiblí

Bliain	2011	2012	2013	2014
Iompar agus aitheantas oibreora /tiománaí na feithicle bige seirbhíse poiblí	103	141	369	465
Rótháille a éileamh nó nithe eile a bhain le táillí	132	110	221	327
Nithe a bhain le fruilíú feithicle bige seirbhíse poiblí	90	104	122	113
Bail agus glaineacht feithicle	21	22	30	47
Iomlán	346	377	742	952

Ionad Seirbhísí Feithiclí Beaga Seirbhíse Poiblí

Cuireann an tÚdarás lárionad seirbhíse tiomanta ar fáil le cabhrú le custaiméirí agus le hoibreoirí maidir le faisnéis tionscail agus áirithintí, fiosruithe agus gearáin. Tá an tseirbhís sin tugtha do sholáthraí speisialtóireachta lena reáchtáil.

D'éiligh an tÚdarás tairiscintí in 2014 toisc go raibh deireadh ag teacht leis an gconradh a bhí aige leis an soláthraí seirbhíse a bhí ann. I mí na Samhna dámhadh an conradh nua a bhí le tosú in 2015 ar SGS Ireland Limited.

Tábla 29 - staitisticí faoin Lárionad glaonna

Bliain	Glaonna ó Thomhaltóirí	Glaonna ó bhaill den Tionscal	Iomlán na nglaonna
2011	6,066	77,186	83,252
2012	1,767	71,760	73,527
2013	3,319	123,340	126,659
2014	8,904	123,657	132,561

Ceadúnas d'Fhruilcharranna Ceantar Áitiúil

Chuir an tÚdarás tús le ceadúnú seirbhísí fruilcharranna do cheantair áitiúla in 2014.

Is é an cuspóir atá le ceadúnú seirbhísí fruilcharranna do cheantair áitiúla ná aghaidh a thabhairt ar easnaimh iompair nach bhféadfaí a réiteach ar bhealach eile i gceantair thuaithe áirithe. Tá sé i gceist go mbainfeadh siad le háiteanna ar dócha go mbeadh siad róbhéag le go bhféadfadh tacsáí nó fruilcharr lánaimseartha freastal orthu agus go bhfuil siad rófhada ó na hionaid is cóngaraí dóibh le go bhféadfadh tacsaithe nó fruilcharranna ó na háiteanna sin freastal orthu. Faoin reachtaíocht is infheidhme, níl cead ag an Údarás an ceadúnas seo ar chostas íseal a dheonú do limistéir áitiúil ach amháin má tá sé sásta nach féidir freastal ar riachtanais iompair phoiblí an cheantair ach amháin trí cheadúnas fruilchairr limistéir áitiúil a dheonú. Is iad na limistéir áitiúla a dtugtar ceadúnais ina leith ná áiteanna bailithe paisinéirí atá idir 5 agus 7 gciliméadar ó áras baile an iarratasóra.

Éilíonn an próiseas iarratais go léireofar an gá atá le ceadúnas den sórt sin, seachas gá le breis seirbhísí feithiclí beaga seirbhíse poiblí caighdeánacha. Is é an t-údarás áitiúil iomchuí a thugann le fios go bhfuil a leithéid riachtanach trí anailís a dhéanamh ar riachtanais an limistéir feidhme. D'fhoilsigh an tÚdarás treoir i Mí Aibreáin le cabhrú le húdaráis áitiúla anailís a dhéanamh ar na riachtanais a bhaineann le hiarratas.

Fuarthas 40 iarratas in 2014 ar ceadáíodh 7 gcinn acu go hiomlán agus ceadáíodh 17 gcinn eile i bprionsabal. Diúltaíodh don 16 iarratas eile. Ba é an príomhfhóras a bhí le diúltú ná go raibh seirbhís tacsáí nó fruilcharr ceadúnaithe ann cheana féin sa limistéar a bhí clúdaithe ag an iarratas. Chlúdaigh na hiarratais a ceadáíodh go hiomlán ceantair thuaithe sa Chlár (2), Ceatharlach, Cill Chainnigh, Gaillimh, Tiobraid Árann agus an Iarmhí.

07



Cúrsaí Corparáideacha Ginearálta

Staitisticí Iompair

Sa bhliain 2014, d'fhoilsigh an tÚdarás na feasacháin staidrimh seo a leanas faoi ábhair iompar poiblí: -

- Seirbhísí Tráchtála Bus i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath (Márta);
- Staitisticí faoi Fheithiclí Beaga Seirbhíse Poiblí (Márta);
- Staitisticí faoi Bhusanna, seirbhísí maoinithe ag an Stát (Meitheamh);
- Staitisticí Iarnróid (Meitheamh);
- Seirbhísí Busanna Tráchtála (Lúnasa);
- Áireamh Náisiúnta faoi Iarnród Trom (Deireadh Fómhair).

Cuireann na feasacháin sin ionchur ríthábhachtach ar fáil do rialáil agus do phleanáil soláthar iompair.

Ráiteas Straitéise

Thosaigh an tÚdarás ag ullmhú an Ráitis Straitéise nua don tréimhse 2015-2017. Mar sin féin, ní raibh an doiciméad críochnaithe faoi dheireadh na bliana.

Saoráil Faisnéise

Phróiseáil an tÚdarás ocht n-iarratas faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise agus dhá iarratas faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol).

Cuireann an tÚdarás réimse leathan eolais ar fáil ar a láithreáin ghréasáin agus ar iarratas ó bhaill an phobail.

Comhlíonadh

Chomhlíon an tÚdarás riachtanais foirne agus luach saothair na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe in 2014 agus reáchtáil sé a ghnóthaí de ghnáth de réir an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit.

Faisnéis faoin mBord

Tháinig an Bord le chéile 11 uair in 2014. Foilsítear miontuairiscí cruinnithe an Bhoird ar láithreán gréasáin an Údaráis.

I mí na Samhna d'fhág an tUasal Damien Usher, an tUasal Frank King, an tUasal Jim Deegan, an tUasal Margaret O'Shaughnessy agus an tUasal Daithí Alcorn an Bord nuair a tháinig deireadh le téarmaí a gceapachán.

Athcheapadh An tUasal John Fitzgerald, an Dr Berna Grist agus an tUasal Linda Saunders ar an mBord.

I mí na Nollag d'fhág Gerry Murphy an Bord tar éis dó scor ón Údarás.

Ba iad seo a leanas comhaltaí Choiste Iniúcháireachta an Bhoird in 2014 an tUasal Linda Saunders (Cathaoirleach), an tUasal Damian Usher agus an tUasal Frank King.

Tábla 30 - ballraíocht an Bhoird le linn 2014

Ball den bhord	Post	Dáta ceapacháin	Cruinnithe a d'fhéadfaí a bheith i láthair acu (Cruinnithe ar fhreastalaíodh orthu)	Tuairimí
An tUasal John Fitzgerald	Cathaoirleach	Nollaig 2009	11 (11)	Athcheapadh an tUasal Fitzgerald mar Chathaoirleach an Bhoird i Nollaig 2014 Ceapadh an tUasal Fitzgerald mar bhall den Choiste Iniúcháireachta ar bhonn sealadach i mí na Nollag 2014
An tUasal Gerry Murphy (Príomhfheidhmeannach)	Gnáthbhall (<i>ex officio</i>)	Nollaig 2009	10 (9)	Chuaigh téarma oifige an Uasail Murphy in éag i mí na Nollag 2014 tar éis dó dul ar scor mar Phríomhfheidhmeannach
An tUasal Frank King	Gnáthbhall	Nollaig 2009	10 (9)	Chuaigh téarma oifige an Uasail King in éag i Samhain 2014
An Dr Berna Grist	Gnáthbhall	Nollaig 2009	11 (11)	Athcheapadh an Dr Grist ar an mBord i Nollaig 2014
An tUasal Linda Saunders	Gnáthbhall	Nollaig 2009	11 (10)	Athcheapadh an tUasal Saunders ar an mBord i Nollaig 2014. Tá sí ina ball den Choiste Iniúcháireachta.
An tUasal Damian Usher	Gnáthbhall	Nollaig 2009	10 (8)	Chuaigh téarma oifige an Uasail Usher in éag i Samhain 2014
An tUasal Valerie O'Reilly	Gnáthbhall	Márta 2010	11 (7)	-
An tUasal Margaret O'Shaughnessy	Gnáthbhall	Márta 2010	10 (9)	Chuaigh téarma oifige an Uasail O'Shaughnessy in éag i Samhain 2014
An tUasal James Deegan	Gnáthbhall	Meitheamh 2010	10 (8)	Chuaigh téarma oifige an Uasail Deegan in éag i Samhain 2014

Ball den bhord	Post	Dáta ceapacháin	Cruinnithe a d'fhéadfaí a bheith i láthair acu (Cruinnithe ar fhreastalaíodh orthu)	Tuairimí
An tUasal Hugh Creegan (Stiúrthóir Pleanála & Infheistíochta Iompair)	<i>Gnáthbhall (ex officio)</i>	Samhain 2010	11 (11)	-
An tUasal Daithí Alcorn	Gnáthbhall	Eanáir 2011	10 (8)	Chuaigh téarma oifige an Uasail Alcorn in éag i Samhain 2014
An tUasal Owen Keegan (Príomh-fheidhmeannach, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath)	<i>Gnáthbhall (ex officio)</i>	Meán Fómhair 2013	11 (9)	-

Idirchaidreamh leis an Oireachtas

D'fhreagair an tÚdarás 574 Cheist Pharlaiminte agus fiosruithe i scríbhinn ó ionadaithe poiblí i gcaitheamh na bliana.

Chuaigh an tÚdarás os comhair an Chomhchoiste Oireachtais um Iompar agus Cumarsáid ar roinnt ócáidí i rith na bliana. I mí Eanáir tionóladh cruinniú chun

pleananna an Údaráis a mheas maidir le tairiscintí iomaíocha a iarradh i leith seirbhísí fóirdheonaithe áirithe bus, iompar tuaithe agus an ceadúnas nua fruilchairr do limistéar áitiúil. I mí an Mhárta bhí cruinniú ar siúl maidir le Dréachtrialacháin an Údaráis um Fheithiclí Beaga Seirbhíse Poiblí (Comhdhlúthú agus Leasú) 2014 agus tionóladh cruinniú i mí an Mheithimh chun plé a dhéanamh ar thógáil Luas Traschathrach agus ar phleananna le haghaidh bonneagar iompair.

Tar éis don Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt a fhógairt go raibh sé ar intinn aige an tUasal John Fitzgerald a athcheapadh mar Chathaoirleach an Údaráis, thionóil an Comhchoiste cruinniú i mí na Samhna chun plé a dhéanamh leis an Uasal Fitzgerald faoi thosaíochtaí an Údaráis.

Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide

Rinne an tÚdarás tuilleadh forbartha mar seo a leanas ar an gCóras Faisnéise Gnó i roinnt réimsí feidhme:

- Leap Card - sa chaoi gur féidir anailís a dhéanamh ar ar an gcárta, ar an turas agus ar fhaisnéis faoin idirbheart;
- Forbraíodh an fhaisnéis ghnó atá ann faoi láthair faoi fheithiclí beaga seirbhíse poiblí sa chaoi gur féidir anailís a dhéanamh ar scileanna agus ar Chigireachtaí;
- Cuireadh Córas Bainistíochta Sonraí Bus ar fáil sa chaoi go mbeifear in ann feidhmíocht busanna a thomhas agus monatóireacht a dhéanamh orthu i bhfianaise amhlár beartaithe.

Is é an cuspóir atá leis ná leas níos éifeachtaí a bhaint as an lear mór sonraí atá i seilbh an Údaráis

d'fhonn tuilleadh feabhais a chur ar na seirbhísí a chuirimid ar fáil agus pleanáil straitéiseach a dhéanamh.

Cuireadh an dara céim de chóras nua um Bainistiú Caidrimh le Custaiméirí i bhfeidhm go rathúil. Cuirfidh sé sin ar chumas an Údaráis déileáil leis an bpobal ar bhealach éifeachtach, tráthúil agus beifear in ann taifead iomlán na cumarsáide a choinneáil i gcóras amháin.

Tugadh na córais nua seo a leanas isteach mar chuid d'fhoireann córas atá faoi bhainistíocht san Údarás:

- Córas Áirithinte Iompair Thuaithe;
- Córas Ceadúnaithe Bus;
- Córas cigireachta feithiclí beaga seirbhíse poiblí;
- Córas ceadúnaithe tiománaithe feithiclí beaga seirbhíse poiblí agus a gcuid eolais a thástáil;

Cuireadh feabhsúcháin i bhfeidhm chomh maith ar an gcóras um bainistiú cásanna feithiclí beaga seirbhíse poiblí;

Cuireadh tús le tionscadal le haghaidh córais a chuirfidh ar chumas daoine creidmheas agus ticéid a cheannach agus a bhailiú ar chártaí cliste tríd a bhfóin phóca ag baint úsáide as feidhmiúlacht chumarsáide gar-réimse.

Díríodh cuid mhaith i rith na bliana ar fheabhas a chur ar athléimneacht na n-ardán Teicneolaíochta Cumarsáide agus Faisnéise. I measc na tionscadail a cuireadh i bhfeidhm bhí:

- Athnuachan chóras teicneolaíochta Leap a choinneoidh an córas Leap ar siúl i gcaitheamh na 5 go 7 mbliana atá romhainn. Cuireadh tús leis an tionscadal go déanach 2014 nuair a cuireadh crua-earraí nua ar fáil.
- Láithreán athshlánaithe ó thubaiste le haghaidh Ceadúnú Bus, Iompar Tuaithe agus córais Pleanálaí Turais.

- Rinneadh comhaontú maidir le hathshlánú ó thubaiste don Chóras Faisnéise Fíor-Ama do Phaisinéirí; cuirfear i bhfeidhm é in 2015.
- Athléimneacht níos fearr ar an láithreán gréasáin a óstálann bonneagar trí dheireadh a chur le pointí aonair teipthe agus feabhas a chur ar a chumas ualaí buaic-ama a láimhseáil.

Cuireadh na forbairtí seo a leanas i bhfeidhm ó thaobh straitéise soghluaiste:

- Táirgeadh leaganacha Windows d'aipeanna soghluaiste an Údaráis don Phleanálaí Turais, d'Fhaisnéis Fhíor-Ama do Phaisinéirí agus d'aipeanna um Pleanáil Rothaíochta.
- Cruthaíodh aip don chóras um Iompar Tuaithe a chuireann ar chumas tiománaithe cúrsa an turais a thuiscint, cé hiad na paisinéirí a gcaithfear a bhailiú ar thuras agus sonraí a thaifeadadh faoi na daoine a bailíodh.
- Chuir an tÚdarás cruthúnas coincheapa i bhfeidhm maidir le hAinilís ar Aipeanna i gcás ceann de na haipeanna soghluaiste. Tá sé léirithe ag an gcruthúnas coincheapa seo gur féidir eolas an-úsáideach a fháil faoi theascáin chustaiméirí ó úsáid na n-aipeanna a d'fheadfadh cabhrú linn tuiscint níos fearr a fháil faoin mbonn custaiméirí agus b'fhéidir feachtais a dhíriú ar chustaiméirí.

08

A photograph of a high-speed train, possibly a TGV, in motion. The train is white with green and yellow accents. It is blurred, suggesting speed. The background consists of dense green trees and foliage, also blurred. A purple diagonal overlay covers the bottom left portion of the image, containing the title text.

Ról an Údaráis Náisiúnta Iompair

Reachtaíocht

Comhlacht reachtúil neamhthráchtála Stát is ea an tÚdarás Náisiúnta Iompair a fheidhmíonn faoi choimirce na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. Bunaíodh é de bhun an Achta um Údarás Iompair Bhaile Átha Cliath 2008.

Cé gur ceapadh é ar dtús mar údarás iompair do Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath faoi Acht na bliana 2008, athainmníodh é mar an tÚdarás Náisiúnta Iompair san Acht um Rialáil Iompair Phoiblí 2009. Chuir Acht na bliana 2009, An tAcht um Rialáil Tacsaithe 2013 agus Ionstraimí Reachtúla éagsúla go mór le feidhmeanna agus le sainchúram geografach an Údaráis. Mar sin féin tá roinnt feidhmeanna sonracha i leith bonneagair agus comhtháthú pleanála iompair agus úsáide talún i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath ag an Údarás i gcónaí, rud a léiríonn na riachtanais ar leith ó thaobh an iompair poiblí agus bainistiú tráchta atá ag an réigiún thoir ina raibh 39% de dhaonra an Stáit ag cur fúthu (in 2011) agus 43% den fhostaíocht sa Stát (ag deireadh 2014).

I mí Aibreáin 2014 rinne an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt Ordú chun tús a chur le forálacha an Achta um Rialáil Tacsaithe 2013 a bhaineann le feithiclí beaga seirbhíse poiblí. Ag an am céanna rinne an tÚdarás Rialacháin faoi fhorálacha an Achta nua chun comhdhlúthú a dhéanamh ar na rialacháin a bhí leagtha amach in ionstraimí reachtúla éagsúla a bhaineann leis an tionscal feithiclí beaga seirbhíse poiblí agus le cur in áit na rialachán sin.

Feidhmeanna reachtúla

Go ginearálta, is féidir achoimre mar seo a leanas a dhéanamh ar fheidhmeanna reachtúla an Údaráis:

Náisiúnta (lena n-áirítear Mórcheantar Bhaile Átha Cliath)

- Seirbhísí iompair poiblí a sholáthar trí chonarthaí Oibleagáide na Seirbhíse Poiblí;
- Faisnéis a chur ar fáil faoi thicéadú comhtháite, táillí agus cúrsaí iompair poiblí;
- Líonra iompair poiblí inrochtana comhtháite a fhorbairt;
- Ceadúnú a dhéanamh ar sheirbhísí poiblí bus do phaisinéirí nach bhfuil faoi réir conarthaí seirbhísí iompair poiblí;
- Bainistiú a dhéanamh ar an gClár Iompair Thuaithe agus ar struchtúr na nAonad Comhordaithe Iompair a thiocfaidh i gcomharbacht air;
- Bonneagar agus flíteanna bus agus scéimeanna agus áiseanna rothaíochta a sholáthar;
- Branda aonair iompair poiblí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm;
- Creat rialála a fhorbairt agus a choinneáil ar siúl le haghaidh rialú agus oibriú feithiclí beaga seirbhíse poiblí (tacsaithe, fruilcharranna agus limisíní) agus a dtiománaithe;
- Aighneachtaí reachtúla a ullmhú maidir le Treoirlínte Pleanála Réigiúnacha;
- Sonraí staitistiúla agus faisnéis a thiomsú faoi chúrsaí iompair;
- Na cearta a thugann an AE do phaisinéirí a fhorfheidhmiú i gcás iompair iarnróid, agus

iompar ar muir agus iompar ar bhusanna agus cóistí;

- Bailíochtú a dhéanamh ar údaruithe an AE agus ar fhoirmeacha turais maidir le taisteal i mbusanna agus i gcóistí i gcomhréir le Rialachán an AE Uimh. 1073/2009; agus
- Feidhmiú mar chomhlacht idir-réitigh náisiúnta do sholáthraithe seirbhíse dola leictreonaf.

Do Mhórchearntar Bhaile Átha Cliath amháin

- Pleanáil straitéiseach iompair a dhéanamh;
- Infheistiú a dhéanamh i ngach bonneagar iompair phoiblí;
- Bainistíocht éifeachtach ar éileamh tráchta agus iompair a fhorbairt.

Feidhmeanna Eile

Chomh maith lena fheidhmeanna reachtúla cuireann an tÚdarás roinnt feidhmeanna i gcrích thar ceann na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt ar bhonn neamhreachtúil. Áirítear ar na feidhmeanna neamhreachtúla sin:

- Tionscadal iompair inbhuanaithe a phleanáil agus a mhaoiniú sna cathracha réigiúnacha Chorcaigh, Gaillimh, Luimneach agus Port Láirge;
- An Clár um Thaisteal níos Cliste chuig an Ionad Oibre agus an Clár um Thaisteal níos Cliste chuig an gCampas a riaradh;
- Bainistiú Chlár Taistil na Scoileanna Glasa; agus
- Maoiniú inrochtaineachta a sholáthar d'oibreoirí iompair agus do chomhlachtaí ábhartha eile.

Rialachas

An Bord

Tá an tÚdarás á rialú ag Bord ar a bhfuil suas le dhá chomhalta dhéag arna gceapadh ag an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. Is poist ex officio trí cinn de na poist ar an mBord agus iad curtha in áirithe don Phríomhfheidhmeannach, do bhainisteoir sinsearach eile de chuid an Údaráis, agus do Phríomhfheidhmeannach, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

Féadfar comhaltaí an Bhoird a cheapadh ar feadh tréimhse suas le cúig bliana agus féadfar iad a athcheapadh. Deich mbliana an téarma is faide is féidir le comhaltaí a chaitheamh ar an mBord. Ní bhaineann an srian sin le comhaltaí ex officio a bhíonn ina gcomhaltaí den bhord chomh fada is a bhíonn an post ábhartha acu.

Comhlacht comhairleach

Is é ról an Choiste Chomhairligh um Fheithiclí Beaga Seirbhíse Poiblí ná comhairle a thabhairt don Údarás nó don Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, mar is cuí, faoi shaincheistean a bhaineann le feithiclí beaga seirbhíse poiblí agus a dtiománaithe.

An tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt a cheapann comhaltaí an Choiste Chomhairligh.

CVanna na gComhaltaí Boird in 2014

John Fitzgerald	Is é John Fitzgerald Cathaoirleach an Údaráis Náisiúnta Iompair ó bunaíodh é i mí na Nollag 2009. Cuntasóir de réir gairme is ea é. Bhí sé ina Bhainisteoir Cathrach Bhaile Átha Cliath ó lár 1996 go dtí 2006. Le blianta beaga anuas d'fhóin sé mar Chathaoirleach An Post agus Gníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin. Bhí sé ina chathaoirleach freisin ar an dá Ghníomhaireacht Athbheochana a bunaíodh i Luimneach tar éis dó tuarascáil a chur faoi bhráid an Rialtais maidir le fadhbanna eisiaimh shóisialta sa chathair sin.
Daithí Alcorn	Iar-ionadaí pobail lánaimseartha is ea Daithí Alcorn agus iarabhcóide pobail. Iarchathaoirleach ar Chomhairle Chontae Dhún na nGall is ea é agus an Iarchathaoirleach ar Choiste Gairmoideachais Chontae Dhún na nGall. Tá sé ina chainteoir dúchais Gaeilge agus bhí sé ina bhall de Bhord Údaráis na Gaeltachta ar feadh 18 mbliana.
Hugh Creegan	Tá Hugh Creegan ina Stiúrthóir Infheistíochta Iompair agus Rialála Tacsaithe ag an Údarás agus eisean an Leas-POF. D'oibrigh sé roimhe seo leis an Údarás um Bóithre Náisiúnta mar Cheann Rannóige agus é freagrach as Comhpháirtíochtaí Poiblí-Príobháideacha, Oibríochtaí Tráchtála agus Pleanáil Straitéiseach. Tá sé ina innealtóir sibhialta a bhfuil taithí fhorleathan aige ar mhórhionscadail sna hearnálacha poiblí agus príobháideacha, lena n-áirítear an Tollán Chalafort Bhaile Átha Cliath agus leathnú an M50 agus bailiú doláir saorshreafa a bhaineann leis.
Jim Deegan	Tá Jim Deegan ina Stiúrthóir Bainistíochta ar Railtours Ireland First Class - ceann de phríomhoibreoirí turas na hÉireann atá ag teacht chun cinn agus an t-aon soláthraí turasóireachta iamróid in Éirinn - le 15 bliain anuas. Bhíodh sé ag obair roimhe seo le Bord Fáilte Éireann agus leis an Líne B & I sa Bhreatain chomh maith le bheith ag plé le gníomhaireacht eastáit agus forbairt maoine sa Ríocht Aontaithe mar bhainisteoir agus mar stiúrthóir. Tá cónaí air anois i gCo. Laoise agus gluaiseann sé go Baile Átha Cliath gach lá ag baint úsáide as iompar poiblí.
An Dr Berna Grist	Léachtóir Sinsearach i nDámh Bheartais Pleanála agus Comhshaoil i gColáiste na hOllscoile Baile Átha Cliath í an Dr Berna Grist. Abhcóide agus pleanálaí baile cairte is ea í agus tá céim PhD aici ó Ollscoil Uladh faoi The Legislative and Regulatory Framework for Development in the Republic of Ireland agus tá mórchuid foilsithe aici i réimsí pleanála agus dlí comhshaoil, beartas poiblí agus rialachas. Ceapadh í mar chomhalta den Bhord Pleanála don tréimhse 2001-2006.

Frank King	Thosaigh Frank King ag obair le CIÉ in 1965 agus d'éirigh as an Chuideachta in 1992 tar éis dó céim mar Bhainisteoir Limistéir a bhaint amach i mBus Éireann (An Réigiún Thoir Theas). Ina dhiaidh sin bhunaigh sé a chomhlacht bhainistíochta agus comhairleachta féin a chuir seirbhísí ar fáil do chliaint sna hearnálacha iompair agus turasóireachta. D'fhóin sé ar roinnt comhlachtaí iompair reachtúla agus neamhreachtúla agus ar ghrúpaí iompair tuaithe. Tá sé ina bhall cairte den Institiúid Lóistíochta agus Iompair.
Gerry Murphy	Ceapadh Gerry Murphy mar Phríomhfheidhmeannach an Údaráis Náisiúnta Iompair i mí na Nollag 2009. Roimhe sin bhí sé ina POF ar Ghníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin, an comhlacht Stáit a bunaíodh chun campas mór sláinte/oideachais a fhorbairt i gcathair Bhaile Átha Cliath. Roimhe sin d'oibrigh sé don Údarás um Bóithre Náisiúnta áit ar bhunaigh sé an tAonad um Chomhpháirtíocht Phríobháideach Phoiblí agus chuir sé a lán scéimeanna CPP ar bun, a raibh doláir i gceist leo, ar an ngréasán náisiúnta. Tá sé ina innealtóir sibhialta cairte agus taithí aige ar bhainistiú a lán tionscadal lena n-áirítear an post a bhí aige mar Bhainisteoir Tionscadail Thollán Chalafoirt Bhaile Átha Cliath.
Valerie O'Reilly	Is Valerie O'Reilly Stiúrthóir Bainistíochta Unicorn PR & Communications Limited, a bhunaigh sí in 2003. Bhain sí Céim amach i Margaíocht agus Máistreacht i gCumarsáid Phoiblí & Pholaitiúil. Toghadh í mar Uachtarán Chomhlacas Tráchtála Chluain Meala i mí an Mheithimh 2012.
Margaret O'Shaughnessy	Bhí páirt ag Margaret O'Shaughnessy i bhforbairt pobail le blianta fada. D'fhorbair sí an Músaem Eitlíochta & Muirí i bhFaing a bhfuil sí anois ina POF air agus 18 fostaí aici. Iarstiúrthóir is ea í ar West Limerick Resources (Cuideachta Leader) agus tá sí ina Ball d'Fhóram Turasóireachta Chontae Luimnigh. Tá Dioplóma i Staidéar Sóisialta aici agus Deimhniú Inniúlachta in Iompar Paisinéirí.
Linda Saunders	Tá an-réimse taithí ag Linda Saunders. D'oibrigh sí mar Phleanálaí Feidhmiúcháin Sinsearach in Oifig Iompair Bhaile Átha Cliath agus mar POF ar Chomhlachas Tráchtála Chill Mhantáin, mar bhainisteoir Daonáirimh na Príomh-Oifige Staidrimh, mar bhainisteoir óstáin agus mar Stiúrthóir Turasóireachta Chontae Chill Mhantáin. D'oibrigh sí i Londain ar shamhaltú straitéiseach iompair lastais agus tá an-suim aici in iompar inbhuanaithe. Tá M.Sc. aici i bPleanáil Uirbeach agus Réigiúnach agus Máistreacht sa Riarachán Gnó. Tá sí ina comhalta de Choiste Iniúcháireachta an Údaráis Náisiúnta Iompair agus is Comhalta d'Institiúid na Stiúrthóirí í.
Damian Usher	Chuaigh Damian Usher ar scor óna phost mar bhaincээр gairme in 2007. Tá sé ina chónaí i gContae na Mí agus tá an-taithí aige ar bhainistiú daoine agus ar chaidreamh tionsclaíoch. Bhí sé ina bhall de Choiste Iniúcháireachta an Údaráis.

Owen Keegan

Ceapadh Owen P. Keegan ina Phríomhfheidhmeannach ar Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath i Meán Fómhair 2013 tar éis dó fónamh mar Bhainisteoir Contae ar Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin ó Fheabhra 2006. Roimhe sin d'oibrigh sé do Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, áit a raibh sé ina Bhainisteoir Cathrach Cúnta agus ina Stiúrthóir Tráchtá. D'oibrigh sé mar eacnamaí do DKM Economic Consultants/Davy Stockbrokers roimh Dheireadh Fómhair 1993. D'oibrigh sé freisin sa Roinn Airgeadais, san Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta agus chaith sé dhá thréimhse sa Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. As Baile Átha Cliath don Uasal Keegan. Tá céimeanna bainte amach aige i riarachán poiblí, eacnamaíocht agus innealtóireacht shibhialta.

Údarás Náisiúnta Iompair
Dún Scéine
Harcourt Lane
Dublin 2

Údarás Náisiúnta Iompair
Dún Scéine
Lána Fhearchair
Baile Átha Cliath 2

Teil: +353 1 879 8300
Facs: +353 1 879 8333

www.nationaltransport.ie